An Coimisiún
Eorpach

An Painéal Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla

Tuarascáil Chríochnaitheach

#VirtualWorldsEU

AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH UM SHAOLTA FÍORÚLA

Arna chríochnú mí Iúil 2023

Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tAontas Eorpach, 2023

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Gach grianghraf © An tAontas Eorpach.

Print	ISBN 978-92-68-06603-4	doi:10.2775/970000	NA-09-23-365-GA-C
PDF	ISBN 978-92-68-06595-2	doi:10.2775/23519	NA-09-23-365-GA-N

ÁBHAR

1. Réamhrá **2**

2. Príomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla **5**

2.1. Roghnú randamach agus comhdhéanamh déimeagrafach rannpháirtithe an phainéil 6

2.2. An coiste stiúrtha 9

2.3. An coiste eolais 10

2.4. Ionad eolais agus faisnéise 11

2.5. Cainteoirí agus taispeántóirí 11

2.6. Main Príomhmhodhnóirí 13

2.7. Éascaitheoirí 14

2.8. Breathnóirí 15

3. Creat modheolaíochta agus seisiúin aonair **18**

3.1. Creat modheolaíochta 19

3.2. Seisiún 1: próiseas agus aschuir 20

3.3. Seisiún 2: próiseas agus aschuir 24

3.4. Seisiún 3: próiseas agus aschuir 28

4. Na chéad chéimeanna eile **33**

Iarscríbhinní: Torthaí **36**

1. Luachanna na saoránach agus moltaí iomlána 37

2. Moltaí 38

3. Measúnú ar na moltaí 61

1. Réamhrá

Thionól an Coimisiún Eorpach trí phainéal saoránach Eorpach in 2023, agus phléigh ceann amháin acu an t-ábhar 'saolta fíorúla'. Thug gach ceann de na painéil suas le 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó gach ceann de 27 mBallstát an Aontais le chéile chun plé a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh roimh phríomhthograí ón gCoimisiún. Comhlíonann na painéil an gealltanas a cuireadh in iúl sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2022 dar teideal 'Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa: gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís' ([1]) agus ón Uachtarán von der Leyen san aitheasc ar Staid an Aontais 2022.

Ba é an Painéal Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla an dara painéal a tionóladh, agus bhí trí sheisiún ar siúl idir an 24 agus an 26 Feabhra, idir an 10 agus an 12 Márta agus idir an 21 agus an 23 Aibreán 2023. Tá saolta fíorúla mar chuid d'aistriú níos leithne i dtreo Web 4.0. Tugann siad cineál eispéireas ar líne nua trí réaltacht 'fhíorúil', 'mheasctha' nó 'bhreisithe'. Creideann roinnt mhaith daoine go bhféadfadh Web 4.0, ag tosú le saolta fíorúla, a bheith ina nuálaíocht inchomparáide leis an gcuma atá ar an idirlíon, lena n-athrófaí an bhealach a n-oibrímid agus dhéanaimid caidreamh lena chéile sa todhchaí. Le blianta beaga anuas — agus go háirithe ó phaindéim COVID-19 — tá infheistíocht ollmhór á déanamh ag an iliomad gníomhaithe poiblí agus príobháideacha sa 'réaltacht leathnaithe' seo, rud a chuireann dlús le hathruithe inár n-ionaid oibre agus inár nósanna pearsanta.

D'ainneoin an aird mhéadaithe sin, ní tharlóidh claochlú den sórt sin thar oíche. Glacfaidh sé na blianta fada saolta fíorúla a fhorbairt i dtimpeallacht d'ardchaighdeán, dhigiteach réalaíoch, agus níl aon léiriú soiléir ann go fóill ar cad a d'fhéadfadh agus ba cheart saolta fíorúla a bheith. Tá an tAontas Eorpach (AE) agus a Bhallstáit tiomanta do leas a bhaint as chumas an chlaochlaithe sin agus na deiseanna a ghabhann leis a thuiscint, chomh maith leis na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann leis, agus cearta shaoránaigh na hEorpa á gcosaint. Sa chomhthéacs sin, iarradh ar rannpháirtithe an Phainéil Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla an cheist seo a leanas a fhreagairt: '**Cén fhís, prionsabail, agus gníomhartha ba cheart forbairt na saolta fíorúla inmhianaithe agus cothrom a threorú?**' Go sonrach, iarradh ar shaoránaigh tacar prionsabal treorach agus gníomhaíochtaí treoracha a fhorbairt chun saolta fíorúla a fhorbairt san Aontas.

Rinne an painéal breithniú ar réimse leathan saincheisteanna i ndáil leis na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis na saolta fíorúla. Cuirtear agus cuirfear na prionsabail agus na moltaí san áireamh sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Tionscnamh de chuid an Aontais maidir le Web 4.0 agus saolta fíorúla: tús tosaigh sa chéad aistriú teicneolaíochta eile' agus an doiciméad inmheánach oibre atá ag gabháil leis.

Bunaithe ar ábhair faisnéise, ionchuir saineolaithe agus díospóireachtaí i meithleacha agus sna seisiúin iomlánacha, shainaithin rannpháirtithe an Phainéil Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla saincheisteanna atá ábhartha do thogra beartais nua an Choimisiúin agus chuir siad in ord tosaíochta iad; déantar achoimre sa tuarascáil seo ar phríomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla, agus leagtar amach inti a chreat modheolaíochta, an chaoi ar éascaíodh díospóireachtaí, torthaí na dtrí sheisiún agus na chéad chéimeanna eile.

([1]) Teachtaireacht ón gCoimisiún — 'Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa: gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís' (COM(2022) 404 final) (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52022DC0404).

d'un
seul
geste



2. Príomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla

2.1. ROGHNÚ RANDAMACH AGUS COMHDHÉANAMH DÉIMEAGRAFACH RANNPHÁIRTITHE AN PHAINÉIL

Rinneadh rannpháirtithe an phainéil saoránach a earcú trí roghnú randamach chun cur chuige cothrom, comhsheasmhach agus iontaofa a áirithiú chun daoine aonair a roghnú, de réir mar is gá le haghaidh próisis rannpháirtíochta den sórt sin. Rinne **Kantar Public** an earcaíocht le tacaíocht ó 27 ngníomhaireacht earcaíochta náisiúnta. I bhformhór na dtíortha, earcaíodh rannpháirtithe ar an nguthán (agallamh ríomhchuidithe teileafóin), trí dhiailiú digiteach randamach a úsáid. I roinnt tíortha eile, áfach, úsáideadh modhanna duine le duine (agallamh ríomhchuidithe duine le duine) nó roghnú randamach ó phainéal ar líne dóchúlaíoch (Lucsamburg amháin). Ba é 4.46 % an meánráta glactha ar fud an Aontais, le héagsúlacht idir na Ballstáit.

Tábla 1: Líon na rannpháirtithe painéil in aghaidh an Bhallstáit

TÍR	SPRIOCLÍON NA RANNPHÁIRTITHE IN AGHAIDH AN tSEISIÚIN	LÍON IARBHÍR NA RANNPHÁIRTITHE IN AGHAIDH AN tSEISIÚIN		
		Seisiún 1	Seisiún 2	Seisiún 3
An Bheilg	5	5	5	4
An Bhulgáir	4	3	4	4
An tSeicia	5	5	5	5
An Danmhairg	3	3	3	3
An Ghearmáin	19	18	16	13
An Eastóin	2	2	2	1
Éire	3	3	2	3
An Ghréig	5	5	5	4
An Spáinn	12	11	11	11
An Fhrainc	15	14	12	12
An Chróit	2	2	2	2
An Iodáil	15	13	13	12
An Chipir	2	2	2	2
An Laitvia	2	2	2	2
An Liotuáin	2	2	2	2
Lucsamburg	2	1	1	0
An Ungáir	5	5	5	5
Málta	2	2	2	2
An Ísiltír	6	6	6	5
An Ostair	4	4	4	4
An Pholainn	10	10	10	10
An Phortaingéil	5	2	2	2
An Rómáin	7	7	7	7
An tSlóivéin	2	2	2	2
An tSlóvaic	3	2	2	2
An Fhionlainn	3	3	3	3
An tSualainn	5	5	5	5
IOMLÁN	**150**	**139**	**135**	**127**

I dTábla 1, tugtar forléargas ar líon spriocdhírithe na bpainéalaithe saoránach ar fud Bhallstáit an Aontais (cuótaí tíre), agus líon iarbhír na rannpháirtithe in aghaidh an tseisiúin. Ba é an aidhm a bhí ann leibhéal ionadaíochta ar Bhallstáit an Aontais a bhaint amach a bheadh comhréireach le méid a ndaonra, agus é cothromaithe de réir líon íosta bheirt saoránach in aghaidh na tíre ([2]). I bhfocail eile, leagadh síos spriocanna arda do thíortha a bhfuil daonraí móra acu, amhail an Ghearmáin (19 saoránach), agus tugadh cuireadh do bheirt saoránach ó Mhálta agus do bheirt saoránach ó Lucsamburg. Go ginearálta, bhí leibhéal maith tinrimh ann, rud a léirigh go ginearálta na spriocanna a bhí leagtha síos. I gcás 23 Ballstát as 27 mBallstát an Aontais, baineadh amach na spriocanna rannpháirtíochta. Ar an iomlán, as an 150 rannpháirtí ar tugadh cuireadh dóibh, ghlac 140 saoránach páirt i gceann amháin ar a laghad de na seisiúin.

Chun a áirithiú gur léirigh an Painéal éagsúlacht dhaonra an Aontais a mhéid is féidir, rinneadh sprioc-chuótaí do rannpháirtithe a shainiú de réir na saintréithe sochdhéimeagrafacha a chuirtear i láthair i bhfíor 1 (tagraíonn sciartha na rannpháirtithe do na 140 saoránach a d'fhreastail ar cheann amháin ar a laghad de na seisiúin). Eisceacht amháin ab ea an rogha ró-ionadaíocht a dhéanamh ar an óige trí thrian den phainéal a earcú sa chatagóir 16-25 cé gur lú an aoisghrúpa sin ná 33 % de dhaonra na hEorpa ([3]).

Fíor 1: Comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil.





([2]) Gineadh na cuótaí tíre trí úsáid a bhaint as an gcóras comhréireachta céimlaghdaithí, a úsáidtear freisin chun líon na suíochán in aghaidh an Bhallstáit i bParlaimint na hEorpa a ríomh.

([3]) Ar an meán, is ionann an t-aoisghrúpa seo agus 10.6 % de dhaonra an Aontais Eorpaigh (https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/TPS00010/default/table?lang=en&category=demo.demo_ind).


Dáileadh aoise ar fud na seisiún
40%
35%
30%
25%
20%
15%
10%
5%
0%
34% 33% 33% 33%
34% 33% 33% 33%
33% 35% 32% 33%
16-25 bliana d'aois
26-55 bliana d'aois
55+ bliana d'aois
Seisiún 1
Seisiún 2
Seisiún 3
Sprioc


Dáileadh na rannpháirtithe de réir leibhéal oideachais
70
60
50
40
30
20
10
0
60 58 53 60
55 54 52 58
24 23 22 32
Céim+ (treasach)
Tánaisteach
Príomhúil nó ceann ar bith
Seisiún 1
Seisiún 2
Seisiún 3
Sprioc

2.2. AN COISTE STIÚRTHA

Rinne an Coiste Stiúrtha an Painéal Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla a cheapadh, a eagrú agus a stiúradh. Tháinig an coiste le chéile uair sa tseachtain chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúrsaí coincheapúla agus eagraíochtúla, lena n-áirítear an mhodheolaíocht, an lóistíocht agus ceisteanna a bhaineann leis an mbuiséad. Bhí sé comhdhéanta de státseirbhísigh ón gCoimisiún Eorpach agus conraitheoirí. Ar thaobh an Choimisiúin Eorpaigh, chuir dhá ard-stiúrthóireacht le hobair an Choiste Stiúrtha: Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (AS Connect), atá freagrach as teicneolaíochtaí idirghníomhacha agus tionscnaimh a bhaineann le saolta fíorúla, lena n-áirítear an tionscnamh neamhreachtach atá le teacht; agus Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AS na Cumarsáide), atá i gceannas ar an gcéim nua de rannpháirtíocht na saoránach agus atá freagrach go háirithe as modheolaíocht agus eagrú na bpainéal Saoránach Eorpach.

D'oibrigh na conraitheoirí le chéile chun an ghlúin nua sin de phainéil saoránach Eorpach a dhearadh agus a chur chun feidhme. Ba iad **Kantar Public** a rinne earcaíocht saoránach. Ba iad **VOEoraip** agus **MCI** a bhí freagrach as cumarsáid a dhéanamh leis na saoránaigh a bhí rannpháirteach agus cúnamh a thabhairt dóibh agus as gach gné eagrúcháin de na trí sheisiún. Ina theannta sin, thug foireann idirnáisiúnta, atá comhdhéanta de **Missions Publiques** (an Fhrainc), **ifok** (an Ghearmáin), fondúireacht **Bhord Teicneolaíochta na Danmhairge** (an Danmhairg), agus **Deliberativa** (an Spáinn), saineolaithe le chéile chun an pléphróiseas a dhearadh agus a éascú. Chuir comhpháirtithe na Foirne Díospóireachta a bhfios gnó le chéile chun an próiseas rannpháirtíochta foriomlán agus modheolaíocht gach seisiúin a choincheapú, in éineacht le AS na Cumarsáide agus AS Connect. Bhí an Fhoireann Díospóireachta freagrach as nóta coincheapa a dhréachtú, ina leagtar amach sainchúram an phainéil, in éineacht le AS Connect agus AS na Cumarsáide, agus as an gCoiste Eolais comhairleach a chur ar bun. Thairis sin, le tacaíocht ó AS Connect agus ón gCoiste Eolais, rinne sí cainteoirí a earcú agus a chur ar an eolas a chabhraigh le saoránaigh tuiscint a fháil ar an tsaincheist ina castacht agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna na saoránach le linn na dtrí sheisiún. Ina theannta sin, chomhordaigh an Fhoireann Díospóireachta an chumarsáid leis na saoránaigh agus leis an bhfoireann tacaíochta ar an láthair, rinne sí an phríomhmhodhnóireacht agus éascú na hoibre grúpa, agus rinne sí maoirseacht ar an tuairisciú ar na torthaí.

2.3. AN COISTE EOLAIS

Tríd an gCoiste Eolais, atá comhdhéanta de shaineolaithe i réimse na saolta fíorúla, cuireadh feabhas ar shláine an phléphróisis trí cháilíocht, oibiachtúlacht, éagsúlacht agus sothuigtheacht na faisnéise a chuirtear ar fáil do shaoránaigh a ráthú. Ba é ról an Choiste Eolais eolas agus saineolas a sholáthar chun cothroime iomaíochta a chruthú do na rannpháirtithe uile agus chun plé eatarthu a éascú. Rinneadh é sin, i measc cur chuige eile, trí phacáiste faisnéise a dhréachtú, ar scaipeadh é ar shaoránaigh roimh an gcéad seisiún. Forbraíodh an t-ionchur beartais fíorasach i ndlúthchomhar leis an gCoiste Stiúrtha.

Chuidigh an Coiste Eolais freisin leis an bhFoireann Díospóireachta comharthaí laga (e.g., easpa díospóireacht, saincheisteanna trasghearraitheacha agus caochspotaí a shainaithint laistigh de phlé na saoránach (e.g. forluí féideartha idir smaointe agus tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana agus/nó réimsí nach bhfuil fianaise ag tacú leis an ngníomhaíocht atá beartaithe iontu). Chomh maith leis sin, rinne a chomhaltaí seiceáil fíorais agus d'fhreagair siad ceisteanna saoránach le linn na seisiún agus ina ndiaidh, le tacaíocht ón Ionad Eolais agus Faisnéise, ina raibh saineolaithe eile ón gCoimisiún agus lasmuigh de rannpháirteach freisin. Ina theannta sin, thacaigh comhaltaí an Choiste Eolais leis an bhFoireann Díospóireachta agus iarrachtaí á ndéanamh aici aschuir eatramhacha na saoránach a bhraisliú ina bpríomhchatagóirí gníomhaíochta, bunaithe ar a n-eolas agus a dtaithí ar shaolta fíorúla.

Bhí an Coiste Eolais comhdhéanta de chúigear comhaltaí arna roghnú ag an gCoiste Stiúrtha, ar bhonn na gcritéar seo a leanas: saineolas a chumhdaíonn réimse leathan réimsí eolais; aitheantas leathan dá bhfios gnó agus dá dtaithí sa réimse, i measc an luchta acadúil, geallsealbhóirí agus piaraí araon; an cumas tuairimí éagsúla ar an ábhar a thuiscint, a aithint agus a chur in iúl, lena n-áirítear comhbhabhtálacha féideartha; agus éagsúlacht i dtéarmaí inscne, náisiúntacht, agus cleamhnachtaí. Ina theannta sin, thug saineolaí ó AS Connect léargas ar bheartais an Aontais.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eolais:

- **Fabien Bénétou**, comhairleoir WebXR;
- **Cathrine Hasse**, Ollscoil Aarhus;
- **Mariëtte van Huijstee**, Institiúid Rathenau;
- **Rehana Schwinninger-Ladak**, an Coimisiún Eorpach, AS Connect;
- **Frank Steinicke**, Ollscoil Hamburg;
- **Sara Lisa Vogl**, Women in Immersive Technologies Europe WIIT.

2.4. IONAD EOLAIS AGUS FAISNÉISE

Bunaíodh an tIonad Eolais agus Faisnéise chun freagra a thabhairt ar cheisteanna agus ar iarratais ar shoiléiriú a sheol saoránaigh le linn a bpléití. I measc chomhaltaí an Ionaid Eolais agus Faisnéise, bhí saineolaithe ó AS na Cumarsáide agus ó AS Connect, chomh maith le comhaltaí an Choiste Eolais agus saineolaithe eile. Le linn na dtrí sheisiún den Phainéal Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla, fuair an tIonad Eolais agus Faisnéise níos mó ná 150 ceist i scríbhinn, agus freagraíodh 30 acu sin i scríbhinn idir seisiún 1 agus seisiún 2, agus thug comhaltaí an Choiste Eolais aghaidh go díreach ar na ceisteanna eile le linn seisiún iomlánach agus meithleacha. Sa tríú seisiún, rinne comhaltaí an Ionaid Eolais agus Faisnéise idirghabhálacha gearra sa 12 mheitheal chun aon saincheisteanna a bhí fós gan réiteach a shoiléiriú sular chuir saoránaigh a moltaí deiridh le chéile.

2.5. CAINTEOIRÍ AGUS TAISPEÁNTÓIRÍ

Chomh maith le comhaltaí an Choiste Eolais, iarradh ar pháirtithe leasmhara agus saineolaithe a seasaimh agus taithí éagsúla a chur i láthair maidir le saolta fíorúla. Le linn an chéad seisiúin, eagraíodh taispeántas chun deis a thabhairt do rannpháirtithe a bheith níos cleachta le húsáidí éagsúla féideartha réaltacht fhíorúil agus bhreisithe. Ina theannta sin, eagraíodh dráma seiftithe amharclannaíochta chun beocht a chur sna scéalta útóipeacha agus diostóipeacha éagsúla a chuir saoránaigh le chéile. Sholáthair siad faisnéis faoi thionchair na réaltachta fíoraithe agus breisithe ar an gcomhshaol, ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí. Phléigh siad freisin an tábhacht a bhaineann le páirtithe éagsúla a mhealladh agus na réamhchúraimí atá le glacadh chun éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú. Rinne an Coiste Eolais deimhin de go raibh an t-eolas a cuireadh i láthair do na saoránaigh cothrom, leordhóthanach agus ionadaíoch a dhóthain ar phríomhsheasaimh lucht ceaptha beartas agus geallsealbhóirí san Aontas. I dTábla 2, liostaítear na cainteoirí a labhair le linn na seisiún.

Tábla 2: Cainteoirí seisiúin agus seastáin taispeántais

SEISIÚN 1	
Fearadh na fáilte	**Dubravka Šuica**, Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, an Coimisiún Eorpach
	Pia Ahrenkilde Hansen, Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an Coimisiún Eorpach
	Yvo Volman, Stiúrthóir Sonraí, Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, an Coimisiún Eorpach
Saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh	**Rehana Schwinninger-Ladak**, Ceann Aonaid, Teicneolaíochtaí Idirghníomhacha, Digitiú don Chultúr agus don Oideachas, AS Connect, an Coimisiún Eorpach
	Anne Bajart, Leas-Cheann Aonaid, Teicneolaíochtaí Idirghníomhacha, Digitiú don Chultúr agus don Oideachas, AS Connect, an Coimisiún Eorpach
	Gaëtane Ricard-Nihoul, Leas-Cheann Aonaid, Aonad Chomhphlé na Saoránach, AS na Cumarsáide, an Coimisiún Eorpach
Comhaltaí an Choiste Eolais	**Fabien Bénétou**, saineolaí neamhspleách WebXR
	Cathrine Hasse, an Roinn Oideachais, Ollscoil Aarhus
	Mariëtte van Huijstee, Institiúid Rathenau
	Frank Steinicke, Ollscoil Hamburg
	Sara Lisa Vogl, ealaíontóir réaltachta fíorúla, *Women in Immersive Technologies Europe*
Seastáin taispeántais agus grúpa amharclannaíochta	D'un seul geste
	XR Intelligence
	PopulAR
	CartoonBASE
	Innov4Events
	Lenovo
	Royal Museums of Fine Arts of Belgium / VR-Hut
	Institiúid Rathenau
	Scannán Réaltachta Fíorúla na Náisiún Aontaithe *Clouds over Sidra*
	Ligue d'improvisation belge — Ligue d'impro ASBL
SEISIÚN 2	
Saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh	**Renate Nikolay**, Leas Ardstiúrthóir na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, An Coimisiún Eorpach
	Yvo Volman, Stiúrthóir Sonraí, Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, an Coimisiún Eorpach
	Rehana Schwinninger-Ladak, Ceann Aonaid, Teicneolaíochtaí Idirghníomhacha, Digitiú don Chultúr agus don Oideachas, AS Connect, an Coimisiún Eorpach
Saineolaithe agus cleachtóirí seachtracha	**Matthias C. Kettemann**, Leibniz Institut
	Elisa Lironi, Seirbhís Gnímh na Saoránach Eorpach
	Eric Marchiol, Renault
	Harmen Van Sprang, Sharing Cities Alliance
	Bruno Thomas, Cuibhreannas Idirnáisiúnta d'Iriseoirí Iniúchacha
Comhaltaí an Choiste Eolais	**Fabien Bénétou**, saineolaí neamhspleách WebXR
	Cathrine Hasse, an Roinn Oideachais, Ollscoil Aarhus
	Mariëtte van Huijstee, Institiúid Rathenau
	Frank Steinicke, Ollscoil Hamburg
	Sara Lisa Vogl, ealaíontóir réaltachta fíorúla, *Women in Immersive Technologies Europe*

SEISIÚN 3	
Saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh	**Roberto Viola**, Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (AS Connect), An Coimisiún Eorpach
	Anne Bajart, Leas-Cheann Aonaid, Teicneolaíochtaí Idirghníomhacha, Digitiú don Chultúr agus don Oideachas, AS Connect, an Coimisiún Eorpach
	Menno Cox, Ceann Earnála do Ghnéithe Domhanda Seirbhísí Digiteacha, Seirbhísí Digiteacha agus Ardáin Dhigiteacha, AS Connect, an Coimisiún Eorpach
	Adelina Cornelia Dinu, Oifigeach Tionscadail, Teicneolaíochtaí Idirghníomhacha, Digitiú don Chultúr agus don Oideachas, AS Connect, an Coimisiún Eorpach
Saineolaithe agus cleachtóirí seachtracha	**Svenja Falk**, Accenture
	Sarah Nicole, Institiúid McCourt
	Alexandros Vigkos, Ecorys
Comhaltaí an Choiste Eolais	**Fabien Bénétou**, saineolaí neamhspleách WebXR
	Mariëtte van Huijstee, Institiúid Rathenau
Ráiteas scoir	**Dubravka Šuica**, Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht, an Coimisiún Eorpach
	Thomas Skordas, Leas-Ardstiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (AS Connect), An Coimisiún Eorpach

2.6. PRÍOMHMHODHNÓIRÍ

Threoraigh beirt phríomhmhodhnóirí na saoránaigh trí na trí sheisiún agus stiúir siad na pléití iomlánacha. Chuir siad faisnéis ar fáil faoi sprioc ghinearálta an phainéil agus faoi mhodheolaíocht na seisiún aonair chomh maith le faisnéis faoi ghnéithe eagraíochtúla na seisiún. D'éascaigh na príomhmhodhnóirí díospóireachtaí idir na cainteoirí ar saineolaithe iad freisin, chinntigh siad gur cuireadh eolas ar fáil go cothrom agus go neamhchlaonta le linn an phlé, agus d'éascaigh siad seisiúin ceisteanna agus freagraí idir cainteoirí agus saoránaigh agus idirghníomhaíocht idir modhnóirí agus saoránaigh maidir le hábhar agus próiseas. Ina theannta sin, thug na príomhmhodhnóirí na torthaí uile le chéile sa seisiún iomlánach deiridh de gach seisiún. Ba iad seo a leanas na príomhmhodhnóirí:

→ **Jennifer Rübel**, ifok;

→ **Antoine Vergne**, Missions Publiques.

2.7. ÉASCAITHEOIRÍ

D'oibrigh saoránaigh in 12 mheitheal, agus d'éascaigh beirt chomhaltaí ón bhFoireann Díospóireachta gach ceann díobh agus thug siad cúnamh dóibh: éascaitheoir amháin a raibh taithí aige/aici agus cúntóir amháin. Ba é dualgas na n-éascaitheoirí ná an plé i seisiúin na meithle a stiúradh agus sreabhadh oibre rianúil a chumasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- atmaisféar cairdiúil agus comh-mheasúil a shocrú chun rannchuidithe ó na rannpháirtithe uile a chur chun cinn;
- a áirithiú gur cuireadh gach saoránach ar an eolas faoin bpróiseas foriomlán agus treoir a thabhairt dóibh in obair an ghrúpa;
- a áirithiú gur baineadh amach cuspóirí sheisiúin na meithle, is iad sin, sainaithint coinbhleachtaí agus easaontais idir na saoránaigh a éascú agus díospóireacht agus comhthoil idir na saoránaigh á gcur chun cinn;
- coimeád ama, nótaí a ghlacadh agus na pléití a chomhdhlúthú i ndoiciméid oibre ilteangacha agus idirnasctha;
- iarrataí a rinne na saoránaigh sna meithleacha a nascadh leis an bhfoireann tacaíochta nó le saineolaithe, mar shampla, trí bharúlacha nó ceisteanna a bhí ar feitheamh a bhailiú;
- páirt a ghlacadh i seisiúin faisnéisithe leis an bhFoireann Díospóireachta.

Bhí na héascaitheoirí gairmiúla a raibh taithí acu fostaithe ag **Missions Publiques**, **ifok** nó fondúireacht **Bhord Teicneolaíochta na Danmhairge**. Le linn an phlé sna meithleacha, thacaigh cúntóirí éascaithe leo, agus ba mhic léinn agus oiliúnaithe a bhí lonnaithe sa Bhruiséil a bhformhór. Chloígh na héascaitheoirí agus na cúntóirí uile leis na treoracha céanna, a cuireadh ar fáil i dtreoir éascaithe agus i ndoiciméad maidir le feidhmiú céimneach (ceann amháin in aghaidh an tseisiúin). Ghlac siad páirt in dhá chruinniú thiomnaithe faisnéise agus oiliúna roimh gach seisiún.

2.8. BREATHNÓIRÍ

Ceadaíodh do líon teoranta breathnóirí obair an phainéil saoránach sin a leanúint. Ba é an aidhm a bhí leis sin trédhearcacht agus infheictheacht a chur ar fáil don fhormáid dhaonlathach nuálach sin agus, ag an am céanna, spás sábháilte a chaomhnú do shaoránaigh rannpháirteacha, rud atá ríthábhachtach chun muinín a chothú i dtimpeallacht díospóireachta. Ceadaíodh do bhreathnóirí a bheith i láthair agus an plé a leanúint sna seisiúin iomlánacha agus i seisiúin na meithle. Ba é triúr an t-uaslíon breathnóirí a ceadaíodh le haghaidh gach seisiún na meithle.

Tháinig breathnóirí inmheánacha freisin ó na comhpháirtithe agus na hinstitiúidí eagrúcháin (e.g., foireann inmheánach ó AS na Cumarsáide, AS Connect nó ard-stiúrthóireachtaí eile agus institiúidí eile de chuid an Aontais). I measc na mbreathnóirí seachtracha bhí taighdeoirí (ó ollscoileanna nó ó mheithleacha machnaimh), gníomhaithe na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara eile. Le toiliú na saoránach sin lena mbaineann, d'fhéadfadh breathnóirí seachtracha agallaimh a dhéanamh le saoránaigh chun críocha taighde amháin, mura gcuirfeadh sé bac ar imeachtaí na bpainéal.

European Citizens Panel
virtual worlds
Have Your Say

3. Creat modheolaíochta agus seisiúin aonair

3.1. CREAT MODHEOLAÍOCHTA

Bhí trí sheisiún sa Phainéal Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla a raibh spriocanna éagsúla ag gach ceann díobh.

- Sa chéad seisiún (ar an láthair sa Bhruiséil), cuireadh an saincheist a bhí i gceist roimh na rannpháirtithe, agus bhí siad in ann aithne a chur ar a chéile agus braistint pobail agus muiníne a chothú. Fuair siad ionchur saineolaithe tosaigh agus bhí an deis acu taithí a fháil ar an ábhar a bheidh le breithniú ag an bpainéal trí thaispeántas ar shaolta fíorúla. Rinne siad machnamh ar a dtaithí ar 'an saol digiteach', agus chruthaigh siad scéalta útóipeacha agus diostóipeacha mar fhíseanna acu don todhchaí.
- Seisiún ar líne a bhí sa dara seisiún agus dhírigh sé ar thuiscint níos doimhne ar an tsaincheist a fhorbairt. Ba é príomhchuspóir an tseisiúin malartú smaointe agus peirspictíochtaí a spreagadh i measc na rannpháirtithe, réimsí comhdhearcaidh agus easaontais a aithint, agus na chéad smaointe a cheapadh le haghaidh pointí gníomhaíochta i gceithre bhloc ábhar ar leith. Gné thar a bheith nuálach den seisiún sin ná go ndearnadh é féin trí ardán fíorúil (Hyperfair).
- Bhí an tríú seisiún agus an seisiún deiridh (ar an láthair sa Bhruiséil) tiomanta do mhúnlú na moltaí bunaithe ar na smaointe agus na léargais a fuarthas sa chéad dá sheisiún, agus thacaigh tuairimí saineolaithe eile leis. Áirithíodh ag an tríú seisiún gur chuir an painéal saoránach sraith chríochnaitheach luachanna agus prionsabal, agus moltaí nithiúla ar fáil a d'fhéadfaí a thabhairt ar láimh don Choimisiún agus a roinnt leis na geallsealbhóirí ábhartha.

Fíor 2: Sreabh modheolaíoch foriomlán na seisiún painéil.



Le linn na seisiún painéil, bhí neart ama ann le haghaidh neartú foirne agus a le haghaidh malartú, le linn seisiúin iomlánacha agus obair ghrúpa araon. Dearadh struchtúr na seisiún chun idirghníomhaíocht i measc na rannpháirtithe a spreagadh agus chun a chinntiú gur éistíodh le gach tuairim. Ós rud é go raibh an painéal saoránach ar siúl i suíomh ilteangach, bhí saoránaigh in ann labhairt ina máthairtheanga i gcónaí agus éascaíodh é seo trí ateangaireacht. Cuireadh na meithleacha le chéile ar bhealach a d'fhág go raibh éagsúlacht gheografach leordhóthanach ann, le meascán de rannpháirtithe ó thíortha móra agus ó thíortha beaga agus 5 theanga éagsúla ar a mhéad á labhairt acu grúpáilte le chéile. Bhí na héascaitheoirí in ann an plé a stiúradh ina dteanga dhúchais nó imBéarla.

3.2. SEISIÚN 1: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Le linn an chéad seisiúin a bhí ar siúl ón 24-26 Feabhra 2023 sa Bhruiséil, cuireadh an topaic os comhair na saoránach agus tógadh fís choiteann den chuma ba cheart a bheith ar shaolta fíorúla inmhianaithe cothroma (útóipe) agus den chuma nár cheart a bheith orthu (diostóipe).

Lá 1 (Dé hAoine an 24 Feabhra)

An 24 Feabhra, comóradh 1 bhliain ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, thosaigh an painéal le nóiméad tiomnaithe do theistiméireachtaí ó chúig shaoránach na hÚcráine, ag roinnt a dtaithí phearsanta le bliain anuas. Ba í an Leas-Uachtarán **Dubravka Šuica** a d'oscail an comóradh.

Ina dhiaidh sin, rinne na príomh-mhodhnóirí agus ionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh **Pia Ahrenkilde Hansen**, an tArd-Stiúrthóir, AS na Cumarsáide, agus **Yvo Volman**, an Stiúrthóir Sonraí, AS Connect, fáilte a chur roimh na saoránaigh, agus thug siad forléargas ar shainchúram an phainéil. Thug **Gaëtane Ricard-Nihoul** (AS na Cumarsáide) réamhrá sa bhreis, a chuir institiúidí an Aontais agus an próiseas cinnteoireachta agus reachtaíochta i láthair go hachomair. Ina dhiaidh sin, thug **Rehana Schwinninger-Ladak** (DG Connect) an t-ábhar 'saolta fíorúla' isteach ar bhealach níos mionsonraithe.

Tar éis an tseisiúin iomlánaigh, ghlac na saoránaigh páirt i dtaispeántas ina raibh siad in ann taithí a fháil ar chásanna úsáide nithiúla de shaolta fíorúla. Rinne siad machnamh freisin ar na himeachtaí, ar na cuimhní cinn agus ar an nuacht ba thábhachtaí i ndáil lena dtaithí ar an saol digiteach, ina saol pearsanta agus do shochaithe na hEorpa ina n-iomláine, trí chleachtadh inar iarradh ar rannpháirtithe amlíne choiteann a chruthú.

Lá 2 (Dé Sathairn an 25 Feabhra)

Ar an dara lá, d'oibrigh na saoránaigh in 12 sheisiún chomhthreomhara na meithle. Le linn an chéad sliotán den lá, dhírigh an plé grúpa ar thaithí na saoránach san am a chuaigh thart a bhain leis na saolta digiteacha agus fíorúla, agus bhí siad in ann a ndearcthaí, a n-údair imní agus a ndóchas a phlé. Tar éis lóin, d'oibrigh siad ar a gcuid físeanna do thodhchaí na saolta fíorúla. Chun é sin a dhéanamh, shamhlaigh siad ar dtús saolta fíorúla na hEorpa in 2050 agus na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha ar ghnéithe éagsúla de shaol na saoránach. Ag deireadh an lae, chuir siad i láthair an fhís de shaolta fíorúla amach anseo trí dhá colláis a chruthú a léiríonn a bhfís dhiostóipeach agus a bhfís útóipeach den todhchaí.

Lá 3 (Dé Domhnaigh an 26 Feabhra)

Ar an tríú lá, rinne an grúpa machnamh ar na físeanna a forbraíodh le linn an lae roimhe sin. Phléigh siad freisin an t-eolas a bheadh ag teastáil uathu chun moltaí daingne a fhorbairt don Choimisiún Eorpach. Tar éis sos caife, tháinig gach saoránach ar ais don seisiún iomlánach, agus chuir trí ghrúpa a roghnaíodh go randamach a bhfís i láthair na rannpháirtithe uile. Ansin, d'fhreagair comhaltaí an Choiste Eolais ceisteanna a tharraing saoránaigh suas le linn phlé na meithle. Chun a gcuid freagraí a chomhlánú, d'fhreagair grúpa fuirseoirí freisin ar na ceisteanna. Leis sin, bhíothas in ann raon feidhme na bhfreagraí a chomhlánú le cur chuige nach raibh chomh heolaíoch, chomh réasúnach céanna, ach le ceangal níos dírí agus níos mothúchánaí leis na topaicí agus leis na ceisteanna a cuireadh. Thug na príomh-mhodhnóirí ráitis deiridh agus chuir siad clabhsúr ar an imeacht.

CLÁR OIBRE LE hAGHAIDH SHEISIÚN 1

Léirítear an clár oibre foirmiúil le haghaidh sheisiún 1 i dTábla 3.

Tábla 3: Clár oibre le haghaidh sheisiún 1

Dé hAoine (an 24 Feabhra 2023)	SEISIÚN IOMLÁNACH — CHARLEMAGNE, SEOMRA ALCIDE DE GASPERI
12:30–14:30	*Teacht agus lón*
14:30–15:00	**Focail fáilte agus uain na hÚcráine**
15:00–15:25	**Óráidí fáilte agus réamhrá ar phainéil na saoránach**
15:30–15:45	**Bristeoir oighir**
15:45–16:00	**Réamhrá ar thopaic an phainéil**
16:00–16:30	*Sos*
16:30–17:00	Réamheolas ar an taispeántas agus cleachtadh amlíne
17:00–19:00	**Formáid mheasctha: obair sa seisiún iomlánach (seomra Gasperi) agus taispeántas (ionad cuairteoirí) i gcomhthráth** Fanann leath na rannpháirtithe sa seisiún iomlánach; téann an leath eile tríd an taispeántas. Athraigh tar éis uair an chloig.
Dé Sathairn (an 25 Feabhra 2023)	**MEITHLEACHA**
9:30–11:00	**Machnaimh agus taithí a roinnt**
11:00–11:30	*Sos*
11:30–12:30	**Saolta fíorúla: an méid atá ar eolas againn**
12:30–14:00	*Sos lóin*
14:00–15:45	**Físeanna a fhorbairt**
15:45–16:15	*Sos*
16:15–18:00	**Físeanna a fhorbairt**
Dé Domhnaigh (an 26 Feabhra 2023)	**MEITHLEACHA AGUS SEISIÚN IOMLÁNACH**
9:15–10:15	**Meithleacha: ceisteanna a bhailiú**
10:15–11:15	*Sos agus aistriú na ngrúpaí go Charlemagne*
11:15–11:45	**Seisiún Iomlánach: físeanna ó na grúpaí a chur i láthair**
11:45–13:15	**Seisiún Iomlánach: babhta plé agus amharclannaíocht**
13:15–13:30	**Cur i láthair ardán Hyperfair agus ceisteanna**
13:30–13:45	**Clabhsúr**

3.3. SEISIÚN 2: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Tionóladh an dara seisiún den phainéal ar líne idir an 10 agus an 12 Márta 2023, ar an ardán tumthach Hyperfair. Bunaithe ar thorthaí sheisiún 1, shainaithin an Coiste Eolais ceithre théama thrasghearrthacha ar díol spéise iad do na saoránaigh:

1. an geilleagar, poist agus gnólachtaí (lena n-áirítear foghlaim agus scileanna),
2. sábháilteacht agus slándáil (coireacht — cibearshlándáil; sonraí agus digiteach; sábháilteacht/slándáil phearsanta),
3. sláinte agus folláine / comhshaol (meabhairshláinte agus sláinte coirp),
4. an tsochaí (cuimsitheacht, inrochtaineacht, daonlathas).

Ba é sprioc an tseisiúin seo tosú ag obair ar luachanna agus ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tógáil saolta fíorúla Eorpacha atá cothrom agus inmhianaithe a threorú.

Lá 1 (Dé hAoine an 10 Márta)

Ar an gcéad lá, chuir an bheirt mhodhnóirí fáilte roimh na saoránaigh chuig seisiún iomlánach fíorúil ar ardán Hyperfair. Chuaigh na modhnóirí trí chlár oibre le haghaidh sheisiún 2 go hachomair leis na saoránaigh, sular thug siad cead cainte do shaineolaithe chun ionchur a fháil maidir le gach ceann de na ceithre thopaic a leanas.

Bloc topaicí 1. An geilleagar, poist agus gnólachtaí (lena n-áirítear foghlaim agus scileanna):

- → **Harmen Van Sprang**, Sharing Cities Alliance,
- → **Eric Marchiol**, Renault.

Bloc topaicí 2: Sábháilteacht agus slándáil (coireacht — cibearshlándáil; sonraí agus digiteach; sábháilteacht/slándáil phearsanta):

- → **Mariëtte van Huijstee**, Institiúid Rathenau, an Ísiltír,
- → **Fabien Bénétou**, saineolaí neamhspleách WebXR, an Bheilg.

Seomra le haghaidh Seisiún Iomlánach ar an ardán Hyperfair

Bloc topaicí 3: Sláinte agus folláine/comhshaol (meabhairshláinte agus sláinte coirp):

- **Sara Lisa Vogl**, ealaíontóir réaltachta fíorúla, Women in Immersive Technologies Europe, an Danmhairg,
- **Bruno Thomas**, Cuibhreannas Idirnáisiúnta d'Iriseoirí Iniúchacha.

Bloc topaicí 4. An tsochaí: cuimsitheacht, inrochtaineacht, daonlathas:

- **Elisa Lironi**, Seirbhís Gnímh na Saoránach Eorpach,
- **Matthias C. Kettemann**, Leibniz Institut.

Tar éis na n-ionchur sin, chuir **Yvo Volman**, Stiúrthóir Sonraí, AS Connect, Dearbhú maidir le cearta digiteacha agus prionsabail dhigiteacha an Aontais i láthair na saoránach.

Lá 2 (Dé Sathairn an 11 Márta)

Ar an dara lá, d'oibrigh na saoránaigh i 12 sheisiún chomhthreomhara meithle, a ndearnadh ateangaireacht chomhuaineach orthu, agus rinne éascaitheoirí cleachta iad a éascú. Le linn an chéad bhabhta, d'oibrigh gach grúpa ar an 'Dearbhú maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail dhigiteacha an Aontais' agus shainaithin siad na trí luach is tábhachtaí dóibh. Le linn an dara babhta, sannadh gach bloc topaicí do thrí mheitheal ar iarradh orthu suas le trí réimse gníomhaíochta a cheapadh a d'fhéadfadh cabhrú le baint amach saolta fíorúla inmhianaithe cothroma. Ón tríú babhta go dtí an cúigiú babhta, d'fhorbair na grúpaí aiseolas ar na bloic topaicí eile. Chun é sin a dhéanamh, chuir éascaitheoir na pointí gníomhaíochta a d'fhorbair grúpa roimhe sin i láthair. Ansin bhailigh an grúpa a fuair na pointí gníomhaíochta sin moltaí, tuairimí agus ceisteanna faoi sin ar feadh uair an chloig, sular bhog siad chuig bloc nua topaicí. Léirítear na topaicí a phléigh an 12 fhoghrúpa i dTábla 4.

Tábla 4: Na topaicí a phléigh an 12 mheitheal

Uimhreacha an ghrúpa	TOPAIC
1, 2, 3	An geilleagar, poist agus gnólachtaí (lena n-áirítear foghlaim agus scileanna)
4, 5, 6	Sábháilteacht agus slándáil (coireacht — cibearshlándáil; sonraí agus digiteach; sábháilteacht/slándáil phearsanta)
7, 8, 9	Sláinte agus folláine / comhshaol (meabhairshláinte agus sláinte coirp)
10, 11, 12	An tsochaí (cuimsitheacht, inrochtaineacht, daonlathas)

Lá 3 (Dé Domhnaigh an 12 Márta)

Ar an tríú lá, fuair na grúpaí an t-aiseolas a bailíodh le linn an tseisiúin roimhe, sular thug siad chun críche na luachanna agus na réimsí gníomhaíochta ar ar thosaigh siad ag obair.

Tar éis sos caife, bhailigh na saoránaigh uile le chéile sa seisiún iomlánach fíorúil. Ar an gcéad dul síos, thug **Renate Nikolay**, Leas-Ardstiúrthóir AS Connect, cúlra breise do na saoránaigh maidir le hobair leanúnach an Choimisiúin. Ansin, ionadaithe a roghnaíodh go randamach ó gach bloc topaicí, chuir siad a gcuid pointí gníomhaíochta i láthair. D'fhreagair beirt chomhaltaí den Choiste Eolais, **Rehana Schwinninger-Ladak**, (AS Connect) agus **Frank Steinicke** (Roinn na Faisnéisíochta, Ollscoil Hamburg), do na pointí sin. Thug na príomh-mhodhnóirí ráitis deiridh agus chuir siad clabhsúr ar an imeacht.

CLÁR OIBRE LE hAGHAIDH SHEISIÚN 2

Léirítear an clár oibre foirmiúil le haghaidh sheisiún 2 i dTábla 5.

Tábla 5: Clár oibre le haghaidh sheisiún 2

Dé hAoine (an 10 Márta 2023)	SEISIÚN IOMLÁNACH
14:10–14:25	**Fáilte agus athbhreithniú ar aschur Sheisiún 1**
14:25–14:50	**Plé ar na topaicí: an geilleagar, poist agus gnólachtaí**
14:50–15:10	*Sos*
15:10 –16:05	**Plé ar na topaicí: sábháilteacht agus slándáil, agus sláinte agus folláine/ comhshaol**
16:05–16:25	*Sos*
16:25–16:50	**Plé ar na topaicí: an tsochaí: cuimsiú agus rochtain**
16:50–17:10	*Sos*
17:10–17:50	**Cur i láthair an Dearbhaithe maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha an Aontais**
17:50–18:00	**Na chéad chéimeanna eile agus focal scoir**
Dé Sathairn (an 11 Márta 2023)	**MEITHLEACHA**
9:30–10:45	**Bloc 1: ár mbunluachanna maidir le saolta fíorúla na hEorpa**
10:45–11:15	*Sos*
11:15–12:30	**Bloc 2: príomhphointí gníomhaíochta le haghaidh théama 1**
12:30–14:00	*Sos lóin*
14:00–15:05	**Bloc 3: aiseolas agus pointí gníomhaíochta le haghaidh théama 2**
15:05–15:20	*Sos*
15:20–16:25	**Bloc 4: aiseolas agus pointí gníomhaíochta le haghaidh théama 3**
16:25–16:55	*Sos*
16:55–18:00	**Bloc 5: aiseolas agus pointí gníomhaíochta le haghaidh théama 4**
Dé Domhnaigh (an 12 Márta 2023)	**MEITHLEACHA**
9:30–10:50	**Luachanna maidir leis an meiteachruinne a rangú agus pointí gníomhaíochta a chomhdhlúthú**
	SEISIÚN IOMLÁNACH
11:05–11:15	**Plé le Renate Nikolay, Leas-Ardstiúrthóir AS Connect, an Coimisiún Eorpach**
11:10–12:05	**Cur i láthair agus seisiún aiseolais 1**
12:05–12:25	*Sos*
12:25–13:15	**Cur i láthair agus seisiún aiseolais 2**
13:15–13:25	**Luachanna shaoránaigh na hEorpa maidir le meiteachruinne amach anseo**
13:25–13:30	**Clabhsúr agus focal scoir**

3.4. SEISIÚN 3: PRÓISEAS AGUS ASCHUIR

Le linn an tríú seisiún, ar an 21–23 Aibreán 2023, bhailchríochnaigh na saoránaigh a gcuid moltaí. Agus iad tagtha le chéile ar an láthair sa Bhruiséil, phléigh siad an t-aiseolas agus an t-ionchur a thug na cainteoirí agus an Coiste Eolais i meithleacha, roimh dóibh na moltaí a bhailchríochnú. Sa mheasúnú deiridh, chuir gach saoránach in iúl a leibhéal tacaíochta le haghaidh gach ceann de na moltaí.

Déanann éascaitheoirí vótaí a chomhaireamh le linn an phlé maidir le luachanna.

Lá 1 (Dé hAoine an 21 Aibreán)

Ar an gcéad lá, chuir an bheirt phríomh-mhodhnóirí fáilte roimh na saoránaigh chuig an seisiún iomlánach. Ansin, chuaigh na modhnóirí go hachomair tríd an gclár oibre le haghaidh sheisiún 3 leis na saoránaigh agus dúirt **Roberto Viola**, Ard-Stiúrthóir, AS Connect, focail fháiltiúla. Rinneadh na saoránaigh a dheighilt ina dhá phléghrúpa leathsheisiúin iomlánacha ansin.

- Bhain an chéad phlé le saincheisteanna a shainaithin na rannpháirtithe le linn an dara seisiún agus a bhí ríthábhachtach don phlé ar na moltaí deiridh. Ba é an sprioc ná go smaoineodh an grúpa ar shaincheisteanna neamhréitithe maidir le féiniúlacht dhigiteach agus samhlacha eacnamaíocha.
- Díríodh sa dara plé ar na luachanna a chuir na saoránaigh ar aghaidh sa seisiún roimhe sin. An cuspóir a bhí ann deis a thabhairt dóibh machnamh a dhéanamh ar na luachanna sin sula gcuirfí tús leis an bplé ar na moltaí deiridh.

Bhí na pléití sin mar bhonn do phléití na meithleacha ar lá 2. An cuspóir a bhí ann anbhuain chognaíoch a spreagadh, rud a ligfeadh do na saoránaigh castacht an ábhair atá i gceist a shainaithint.

Lá 2 (Dé Sathairn an 22 Aibreán)

Le linn an dara lá, d'oibrigh saoránaigh i bhfoghrúpaí chun a moltaí deiridh a fhorbairt. Thug saineolaithe cuairt ar na meithleacha chun na ceisteanna a bhí fágtha a fhreagairt.

Lá 3 (Dé Domhnaigh an 23 Aibreán)

Sa seisiún iomlánach críochnaitheach, chuir rapóirtéirí an 12 mheitheal a moltaí féin faoi bhráid an phainéil saoránach iomláin, agus bhí an deis ag saoránaigh ceisteanna a chur chun aon neamhchinnteacht a shoiléiriú. Tar éis na moltaí uile a chur i láthair, iarradh ar shaoránaigh a leibhéal tacaíochta le haghaidh gach molta a chur in iúl, ar scála 1–6, agus ballóid pháipéir gan ainm a úsáid, agus ciallaíonn 1 'easaontaím go láidir' agus 6 a chiallaíonn 'Aontaím go láidir'.

CLÁR OIBRE LE hAGHAIDH SHEISIÚN 3

Léirítear an clár oibre foirmiúil le haghaidh sheisiún 3 i dTábla 6.

Tábla 6: Clár oibre le haghaidh sheisiún 3

Dé hAoine (an 21 Aibreán 2023)	SEISIÚN IOMLÁNACH — CHARLEMAGNE, SEOMRA ALCIDE DE GASPERI
13:00–14:30	*Teacht agus lón*
14:30–14:50	**Focail fháiltiúla**
14:50–15:00	**Ionchur ó Ard-Stiúrthóir AS Connect Roberto Viola**
15:00–15:20	*Sos-athrú seomra*
15:20–18:30	**Leathsheisiún iomlánach** Bíonn leath na rannpháirtithe ag obair ar theannas (samhlacha eacnamaíocha/céannachta digití) Bíonn leath na rannpháirtithe ag obair ar luachanna Ansin aistrigh
Dé Sathairn (an 22 Aibreán 2023)	**MEITHLEACHA**
9:30–11:00	**Seisiún 1: ó phointí gníomhaíochta go moltaí**
11:00–11:30	*Sos*
11:30–13:00	**Seisiún 2: ionchur saineolaithe agus seisiún ceisteanna agus freagraí i ngrúpaí**
13:00–14:30	*Sos lóin*
14:30–16:00	**Seisiún 3: athbhreithniú ar obair ghrúpa eile**
16:00–16:30	*Sos*
16:30–18:00	**Seisiún 4: cur i gcrích na moltaí**
Dé Domhnaigh (an 23 Aibreán 2023)	**SEISIÚN IOMLÁNACH**
9:30–11:15	**Cur i láthair na moltaí**
11:15–11:45	*Sos*
11:45–12:30	**Cur i láthair na moltaí**
12:30–13:30	**Torthaí vótála** **Focal scoir ó AS Connect agus Dubravka Šuica Leas-Uachtarán an Choimisiúin** **Clabhsúr agus focal scoir**
13:30–13:40	*Pictiúr grúpa*

Thairg painéal na saoránach 23 mholadh, a fuair leibhéil chomhchosúla tacaíochta le linn na vótála deiridh an lá deireanach. Is féidir teacht ar na moltaí iomlána, lena n-áirítear an teideal, príomhchorp an téacs agus an bonn cirt in iarscríbhinn 2.

4. Na chéad chéimeanna eile

Ina gcuid oibre chun na moltaí a fhorbairt, léirigh na saoránaigh **leibhéal ard tiomantais agus rannpháirtíochta** agus d'éirigh leo leagan amach atá dírithe ar an todhchaí a leagan amach le haghaidh saolta fíorúla, d'ainneoin castacht agus úrnuacht topaice ina bhfuil roinnt mhaith athróga anaithnide go fóill. Le linn an chéad chruinnithe painéil, ghlac siad páirt i dtaispeántas ina bhféadfaidís níos mó a fhoghlaim agus taithí a fháil ar shamplaí nithiúla agus cásanna úsáide de shaolta fíorúla agus rinneadh an chuid ar líne féin trí ardán saolta fíorúla.

Leis na 23 mholadh ón bpainéal seo — mar a liostaítear san iarscríbhinn iad — glactar **cur chuige sistéamach leathan** agus tugtar aghaidh ar theacht chun cinn na saolta fíorúla ar bhonn níos ginearálta. Cuirtear i dtábhacht go láidir sna moltaí ó na saoránaigh gur cheart forbairt na saolta fíorúla a bheith bunaithe ar chearta digiteacha, ar dhlíthe agus ar luachanna digiteacha an Aontais, agus é mar aidhm leis sin saolta fíorúla atá cuimsitheach, inrochtana, trédhearcach agus inbhuanaithe a bhaint amach. Mar shampla, molann siad gníomhaíocht chun inrochtaineacht ar shaolta fíorúla a áirithiú do chách, foirmeacha toilithe sonraí soláimhsithe a iarraidh agus díriú ar an tábhacht a bhaineann le húsáid fuinnimh ghlais sa phróiseas forbartha. Leag na saoránaigh béim freisin ar an ngá atá le dlúthchomhar idir na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear gníomhaithe acadúla, gnó agus reachtacha. Trí chaighdeáin a leagan síos bunaithe ar luachanna daonlathacha, chuir na saoránaigh in iúl go raibh dóchas soiléir ann go mbeidh an **Eoraip ina gníomhaí domhanda láidir** maidir le saolta fíorúla nua, rud a chuideoidh leis na noirm dhomhanda a mhúnlú.

Athdhearbhaítear leis na moltaí an gá atá le **cur chuige atá bunaithe ar fhianaise** chun forbairt na saolta fíorúla **daonlárnach** a threorú, agus béim á leagan ar an tábhacht a bhaineann le taighde chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchair sláinte agus ar fhóraim rannpháirtíochta chuimsitheacha chun caighdeáin choiteanna a bhunú. Aithnítear freisin sna moltaí an tábhacht a bhaineann le **múscailt feasachta, oideachas agus litearthacht dhigiteach na saoránach.**

Le moltaí na saoránach, déantar ceangal idir na saolta fíorúla agus an gá atá le beartais chun deiseanna a thapú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin. Mar shampla, ba cheart do **mhargadh an tsaothair sainiúlachtaí na saolta fíorúla** a chur san áireamh chun tairbhe iomlán a bhaint as deiseanna digiteacha gnó. Ba cheart na saolta fíorúla a bheith comhoiriúnach le sprioc níos leithne an **gheilleagair chiorclaigh**, agus ba cheart go dtabharfar le gníomhaíochtaí gaolmhara aghaidh ar fhreagracht na tionsclaíochta agus na saoránach araon. Ag an am céanna, chaith saoránaigh am suntasach freisin chun gnéithe sábháilteachta agus slándála a phlé, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí, príobháideachas agus cosaint grúpaí leochaileacha. Tá saoránaigh ag iarraidh saol fíorúil **a ndéantar monatóireacht chuí orthu** maidir le hiompar frithshóisialta agus coiriúlacht, agus gan é a fhágáil faoi ardáin an-mhór chun féinrialáil a dhéanamh.

Léiríonn roinnt moltaí **obair le déanaí agus obair leantach** an Choimisiúin Eorpaigh leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara i ndáil le claochlú digiteach, a athdhearbhaíonn an gá atá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais sa réimse sin. Léiríonn an reachtaíocht is déanaí (amhail an Gníomh um Rialachas Sonraí, an Ionstraim um Margaí Digiteacha, an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) chomh maith leis an reachtaíocht atá beartaithe (amhail an Gníomh um an Intleacht Shaorga, agus an Gníomh um Shonraí) riachtanais

na gcoimircí agus dálaí córa an mhargaidh a chuir na saoránaigh ar aghaidh agus, ag an am céanna, is é príomhchuspóir an Dearbhaithe Eorpaigh maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha claochlú digiteach inbhuanaithe duinelárnach a áirithiú. Thairis sin, sheol an Coimisiún an chomhghuaillíocht Thionsclaíoch le haghaidh Réaltacht Fhíorúil agus Bhreisithe i mí Mheán Fómhair 2022. Éascaítear leis idirphlé le páirtithe leasmhara, ag cuidiú le ceapadh beartas a threorú agus príomhdhúshláin agus príomhdheiseanna d'earnáil VR/AR na hEorpa a shainaithint.

Léirítear sna moltaí ó na saoránaigh freisin **pointí le tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu**, amhail an glao ar shlándáil sonraí pearsanta. Cé go bhfuil reachtaíocht uileghabhálach Eorpach ann cheana maidir leis an ábhar (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)), d'fhéadfaí tuilleadh machnaimh a dhéanamh in obair an Choimisiúin ar thionchar na saolta fíorúla ar úsáid cineálacha nua sonraí amhail ceann bithmhéadrach.

Nochtar i moltaí na saoránach freisin **réimsí áirithe ina bhféadfaí gníomhaíocht a dhéanamh amach anseo** ag an gCoimisiún, na Ballstáit agus páirtithe eile. I gcomhréir leis na moltaí ó na saoránaigh, molann an Coimisiún sa **Teachtaireacht** maidir le 'Tionscnamh an Aontais maidir le Web 4.0 agus saolta fíorúla: tús tosaigh sa chéad aistriú teicneolaíochta eile', roinnt gníomhaíochtaí a fhreagraíonn d'ábhair imní na saoránach.

I bhfianaise inniúlachtaí an Aontais agus na n-acmhainní atá ar fáil, tugann na gníomhaíochtaí a chuirtear chun cinn sa Teachtaireacht aghaidh ar na moltaí seo a leanas: Moladh 4 (Tacaíocht airgeadais chun Domhan Fíorúil a fhorbairt), Moladh 5 (Fóraim rannpháirteacha d'fhorbairtí comhpháirteacha, rialacháin agus caighdeáin), Moladh 10 (Oiliúint do Mhúinteoirí maidir le Saolta Fíorúla agus uirlisí digiteacha), Moladh 14 (Domhan Fíorúil-Déanaimis todhchaí fholláin a thógáil le chéile ar bhealach freagrach!), Moladh 23 (an tAontas mar imreoir/ceannródaí láidir sna Saolta Fíorúla). Tá roinnt moltaí a cuireadh ar aghaidh á bhforbairt i snáitheanna éagsúla oibre amhail Moladh 19 (ní mór don Aontas rialacháin a fhorbairt maidir le céannacht dhigiteach) leis an togra le haghaidh na Céannachta Digití. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí a fógraíodh cur chuige comhpháirteach a chothú leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara chun **feasacht a mhúscailt** agus chun **tacú le saolta fíorúla inrochtana, oscailte, sábháilte agus inbhuanaithe a fhorbairt;** faisnéis agus uirlisí soláimhsithe a bheith ann do shaoránaigh chun **féiniúlachtaí fíorúla a bhainistiú agus sócmhainní fíorúla a bhainistiú agus saolta fíorúla á úsáid acu,** tacú le taighde agus forbairt Eorpach, tacú le caighdeáin oscailte agus tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar na saolta fíorúla ar an tsláinte agus ar an bhfolláine.

Tacóidh toradh an phainéil le hobair uileghabhálach an Choimisiúin agus is féidir leis freisin **fónamh mar threoir chun cabhrú leis na Ballstáit gníomhaíochtaí beartais a bhaineann leis na saolta fíorúla a fhorbairt.** Maidir le ceapadh beartas an Choimisiúin Eorpaigh, comhlánaíonn na moltaí torthaí an chomhairliúcháin phoiblí a rinne an Coimisiún agus soláthraíonn siad pointe tagartha do chur chuige foriomlán an Choimisiúin agus do ghníomhaíocht amach anseo. Is foinse **luachmhar inspioráide** í an obair a dhéanann na saoránaigh agus **is ionchur ábhartha é do na blianta atá le teacht agus beidh sí ina beathaithe ina cuid tograí oibre agus beartais** a bhaineann leis na saolta fíorúla atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, soláthraítear leis na moltaí bonn luachmhar do ghníomhaíochtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu leis na saolta fíorúla nua a fhorbairt. Coinneofar saoránaigh ar an eolas faoi phríomhfhorbairtí maidir leis na saolta fíorúla, amhail glacadh an tionscnaimh agus tionscnaimh nua a eascraíonn as a gcuid oibre sa phainéal.

Iarscríbhinní: Torthaí

1. LUACHANNA NA SAORÁNACH AGUS MOLTAÍ IOMLÁNA

Ocht luach agus bprionsabal de chuid na saoránach le haghaidh domhain fhíorúla Eorpacha atá inmhianaithe agus cothrom

1 SAOIRSE ROGHA
Is saoirse rogha é domhain fhíorúla a úsáid do dhaoine aonair — gan míbhuntáistí dóibh siúd nach bhfuil rannpháirteach.

2 INBHUANAITHEACHT
Tá bunú na ndomhan fíorúil agus úsáid a bhaint astu neamhdhíobhálach don chomhshaol.

3 DAONLÁRNACH
Tá forbairt agus rialáil theicneolaíoch na ndomhan fíorúil ag freastal ar riachtanais, cearta agus ionchais úsáideoirí agus ag urramú dóibh.

4 SLÁINTE
Sláinte fhisiceach agus mheabhrach an duine mar cholún bunúsach le haghaidh forbairt a dhéanamh ar dhomhain fhíorúla agus úsáid a bhaint astu.

5 OIDEACHAS agus LITEARTHACHT
Tugtar tús áite don oideachas, don mhúscailt feasachta, agus do scileanna maidir le conas domhain fhíorúla a úsáid, i bhforbairt na ndomhan fíorúil.

6 SÁBHÁILTEACHT agus SLÁNDÁIL
Ní mór saoránaigh na hEorpa a choinneáil slán sábháilte, lena n-áirítear sonraí a chosaint, agus cúbláil agus goid a chosc.

7 TRÉDHEARCACHT
1) Cosnaíonn **rialacháin** thrédhearcacha daoine, a gcuid sonraí pearsanta, a sláinte shíceolaíoch agus fhisiceach.
2) Tá **úsáid sonraí** (ag tríú páirtithe) trédhearcach.

8 CUIMSIÚ
Deonaítear inrochtaineacht chomhionann do gach saoránach — beag beann ar aois, ioncam, scileanna, infhaighteacht theicneolaíoch, tír, etc.

Seo thíos torthaí an chleachtaidh luachanna a bhí ar siúl le linn ar 3ú seisiún an Phainéil Saoránach, Dé hAoine, an 21 Aibreán. Sa chleachtadh seo, iarradh ar shaoránaigh dhá cheann de na hocht luach agus bprionsabal saoránach a shannadh (féach thuas) do gach ceann de na 12 ábhar a úsáidtear chun na moltaí deiridh a mhionsaothrú. Saincheapadh an cleachtadh seo mar bhealach do rannpháirtithe chun an obair a rinne siad roimhe seo ar luachanna agus ar phrionsabail a nascadh lena bplé ar na moltaí. Ní aschur oifigiúil an phainéil é ach céim i bpróiseas smaointeoireachta na rannpháirtithe, a raibh sé mar aidhm aige iad a spreagadh chun 'nasc a dhéanamh' idir na trí leibhéal den sainchúram ar a raibh orthu obair a dhéanamh: luachanna, prionsabail agus gníomhaíochtaí.

Uimh.	TOPAIC	LUACH GAOLMHAR
1	Domhain fhíorúla san obair agus i margaí fostaíochta	Oideachas agus Litearthacht, Sláinte, Inbhuanaitheacht
2	Tacú le nuálaíocht agus forbairt na ndomhan fíorúil	Oideachas agus Litearthacht, Inbhuanaitheacht, Trédhearcacht
3	Poiblí agus príobháideach: rátáil agus clárú na ndomhan fíorúil	Sábháilteacht agus Slándáil, Daonlárnach, Sláinte
4	Sonraí sna domhain fhíorúla: úsáid agus cosaint	Sábháilteacht agus Slándáil, Daonlárnach, Oideachas agus Litearthacht
5	Lár-ghníomhaireacht & póilíní do na domhain fhíorúla	Sábháilteacht agus Slándáil, Daonlárnach, Oideachas agus Litearthacht
6	Foghlaim agus oideachas i dtaca le domhain fhíorúla	Inbhuanaitheacht, Sláinte, Oideachas agus Litearthacht
7	Inbhuaine comhshaoil agus aeráide	Trédhearcacht, Cuimsiú, Oideachas agus Litearthacht
8	Tionchar ar an tsláinte agus clár oibre taighde do na domhain fhíorúla	Cuimsiú, Oideachas agus Litearthacht, Inbhuanaitheacht
9	Comhroinnt faisnéise agus feasachta	Daonlárnach, Inbhuanaitheacht, Sábháilteacht agus Slándáil
10	Céannacht dhigiteach sna domhain fhíorúla	Sábháilteacht agus Slándáil, Daonlárnach, Saor-rogha
11	Nascacht agus rochtain do na domhain fhíorúla	Sláinte, Saor-rogha, Inbhuanaitheacht
12	Comhar agus caighdeáin idirnáisiúnta	Daonlárnach, Sábháilteacht agus Slándáil, Sláinte

2. MOLTAÍ

MOLTAÍ DEIRIDH

Topaic: Domhain fhíorúla san obair agus i margaí fostaíochta

Moladh 1

Margaí saothair i ndomhain fhíorúla na hEorpa

Céard é

Agus úsáid á baint as reachtaíocht reatha na mBallstát maidir le margadh an tsaothair mar thúsphointe, molaimid measúnú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le domhain fhíorúla na hEorpa agus, i gcás inar gá, í a choigeartú agus a chomhchuibhiú.

Na rannpháirtithe

Tá an moladh seo dírithe orthu siúd ar mian leo rochtain a fháil ar mhargadh saothair fíorúil na hEorpa.

Conas

Baineann an reachtaíocht seo, mar shampla, le cothromaíocht oibre is saoil, ceart na saoránach chun sosanna a ghlacadh agus dícheangal a dhéanamh, cúnamh i dtaca le caillteanas post mar gheall ar dhomhain fhíorúla, cuimsiú saoránach (i.e., cuimsiú daoine faoi mhíchumas, iad siúd nach bhfuil scileanna digiteacha acu).

Ba cheart don reachtaíocht seo teorainn a chur leis an rochtain ar mhargadh an Aontais do na tíortha sin nach n-urramaíonn dlíthe saothair an Aontais. Chiallódh sé sin nach mbeidís in ann seirbhísí meiteachruinne (i.e., oibriú agus faireachán) a sholáthar laistigh de mhargadh aonair na hEorpa, chun oibrithe Eorpacha a chosaint agus chun an margadh aonair a chaomhnú.

Réasúnú

Ba cheart duit tacú leis an moladh seo toisc go ndaingneofar leis margadh saothair na hEorpa. Is é is aidhm leis luachanna agus prionsabail áirithe na hEorpa a chosaint maidir le cearta agus cosaintí saothair. Áiritheofar leis sin freisin go n-urramófar agus go n-onnmhaireofar ardchaighdeáin saothair na hEorpa ar fud an domhain.



Moladh 2

Oiliúint chomhchuibhithe a chruthú don obair sna domhain fhíorúla

Céard é

Is é is cuspóir don mholadh seo comhionannas agus cuimsiú a bhaint amach do gach Eorpach, molaimid oiliúint agus uas-sciliú na ndomhan fíorúil a sholáthar, atá maoinithe ag an Eoraip agus comhchuibhithe ar fud an Aontais Eorpaigh.

Na rannpháirtithe

Is é is aidhm leis an moladh seo oibrithe Eorpacha a chosaint.

Conas

Molaimid comhchuibhiú na hoiliúna ar fud na mBallstát Eorpach go léir. Agus aitheantas á thabhairt do chomhthéacsanna náisiúnta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an oiliúint an t-ábhar céanna a chur san áireamh go ginearálta agus ba cheart an creat céanna ina leith a leanúint ar fud thíortha na hEorpa. Ba cheart deimhniú agus aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí a bheith ann.

Réasúnú

Ba cheart duit tacú leis an moladh seo toisc go n-áiritheofar leis go nglacfaidh oibrithe le domhain fhíorúla. Is mian linn margadh saothair na hEorpa a chosaint agus poist Eorpacha a chaomhnú. Ba cheart dóibh siúd a bhfuil a bpoist imithe i léig mar gheall ar dhomhain fhíorúla oiliúint, tacaíocht agus athcháiliú leordhóthanach a fháil chun oiriúnú don réaltacht nua.



Topaic: Tacú le nuálaíocht agus forbairt na ndomhan fíorúil

Moladh 3

Athbhreithniú rialta ar threoirlínte ábhartha an Aontais atá ann cheana maidir le domhain fhíorúla

Céard é

Molaimid athbhreithniú tréimhsiúil, agus nuashonrú, ar threoirlínte reatha an Aontais maidir le caighdeáin eiticiúla agus theicneolaíocha, agus a n-oiriúnú agus a gcur i bhfeidhm sna domhain fhíorúla.

Na rannpháirtithe

Tá an Coimisiún Eorpach, DG CNECT le bheith níos cruinne, freagrach as an bpróiseas athbhreithnithe. Le linn an phróisis sin, ní mór ionchur na saineolaithe a chur san áireamh. Ar deireadh, cuirtear na torthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena bhformheas.

Conas

Céim a haon: an fhreagracht a shainiú laistigh de AS CNECT

Céim a dó: Cinneann AS CNECT cé na treoirlínte beachta atá ábhartha agus tábhachtach don phróiseas sin

Céim a trí: athbhreithniú ar na treoirlínte sin, agus ionchur na saineolaithe á chur san áireamh

Céim a ceathair: tograí a dhréachtú chun na treoirlínte sin a choigeartú

Céim a cúig: na tograí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena bhformheas

Déantar an próiseas iomlán arís agus arís eile go rialta, ag eatramh nach mó ná dhá bhliain.

Réasúnú

Níor thug na saoránaigh údar maith leis.



Moladh 4

Tacaíocht airgeadais leis na domhain fhíorúla a fhorbairt

Céard é

Molaimid cómhaoiniú Eorpach a bhunú chun foirgneamh inbhuanaithe atá dírithe ar an úsáideoir a fhorbairt — agus chun leathnú a dhéanamh ar dhomhain fhíorúla.

Na rannpháirtithe

An Coimisiún Eorpach le formheas ó Pharlaimint na hEorpa.

Conas

An chéad chéim: critéir a shainiú le haghaidh tacaíochta.

An dara céim: maoiniú a sholáthar.

Réasúnú

Níor thug na saoránaigh údar maith leis.



Topaic: Poiblí agus príobháideach: rátáil agus clárú na ndomhan fíorúil

Moladh 5

Fóraim rannpháirtíochta le haghaidh forbairtí, rialacháin agus caighdeáin chomhpháirteacha

Céard é

Molaimid go n-oibreoidh cuideachtaí, taighdeoirí agus an tAontas i ndlúthchomhar le chéile chun domhain fhíorúla a fhorbairt agus a rialáil de réir luachanna an Aontais.

Na rannpháirtithe

Ba cheart don Choimisiún Eorpach a bheith ar thús cadhnaíochta maidir leis sin.

Conas

Ba cheart do ghrúpaí éagsúla saineolaithe (taighdeoirí, páirtithe leasmhara, reachtóirí, oifigigh, ach úsáideoirí freisin) teacht le chéile de réir ábhar mar shampla, an t-oideachas, an tsláinte mheabhrach, etc. Ba cheart an comhar sin a institiúidiú, is é sin cruinnithe rialta agus cruinnithe dea-ullmhaithe le hionchur roimh ré, chomh maith le malartú ar líne ar na hábhair. D'fhéadfadh maoiniú an Aontais a bheith i gceist leis an gcomhar freisin do ghnólachtaí nuathionscanta agus do dhaoine eile chun domhain fhíorúla a fhorbairt de réir luachanna an Aontais, mar shampla sábháilteacht (sonraí) agus slándáil, sláinte, daonnachas, trédhearcacht, rochtain chomhionann, agus saoirse.

Réasúnú

Leis an reachtaíocht chomhchoiteann, ráthaítear deiseanna cothroma agus slána do shaoránaigh uile an Aontais chun úsáid a bhaint as domhain fhíorúla agus páirt a ghlacadh ann.



Moladh 6

Deimhniú cuideachta agus úsáideora do na domhain fhíorúla

Céard é

Molaimid institiúid nó comhlacht AE a bhunú chun deimhnithe a eisiúint agus a fhíorú maidir leis na domhain fhíorúla agus do dhaoine aonair, ar bhonn luachanna an Aontais, agus ba cheart an institiúid nó an comhlacht AE sin iniúchadh rialta a dhéanamh ar na domhain fhíorúla agus na húsáideoirí deimhnithe.

Na rannpháirtithe

Ba cheart don Aontas an institiúid a bhunú agus ba cheart cuideachtaí agus an earnáil phríobháideach a bheith rannpháirteach ann.

Conas

Beidh na deimhnithe bunaithe ar chaighdeáin choiteanna nach mór a shainiú. D'fhéadfadh go mbeadh na deimhnithe difriúil ag brath ar an leibhéal úsáide a bhaineann le domhan fíorúil. Mar shampla, bheadh na caighdeáin a chaithfear a chur i bhfeidhm maidir le cearrbhachas difriúil ó na caighdeáin maidir le baincéireacht ar líne, agus dá bhrí sin bheadh na deimhnithe difriúil óna chéile. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh deimhnithe an inrochtaineacht a cheadú, e.g., do dhaoine dalla. Ba cheart saineolaithe a bheith páirteach i gceapadh na gcaighdeán sin, agus ba cheart fráma ama a shainiú freisin inar cheart athbhreithniú a dhéanamh ar dheimhnithe.

Réasúnú

Dhéanfadh comhlacht neamhspleách comhlíonadh luachanna an Aontais a ráthú ag an domhan fíorúil a úsáideann na saoránaigh.



Topaic: Sonraí sna domhain fhíorúla: úsáid agus cosaint

Moladh 7

‘Halla’ nó ‘tairseach’ soláimhsithe sa mheiteachruinne chun glacadh le húsáid sonraí roghnaithe

Céard é

Molaimid meicníocht chaighdeánaithe atá furasta le húsáid agus a sholáthraíonn trédhearcacht ar shonraí (cé a bhailíonn na sonraí, cad chuige a n-úsáidtear iad, conas a stóráiltear iad, agus cé leis a roinntear iad), trína dtugtar cead úsáide go sainráite.

Na rannpháirtithe

Comhlacht poiblí, nó comhlacht a mhaoinítear go poiblí ar leibhéal an Aontais, a d’fhéadfadh a bheith ann cheana féin: b'fhéidir gur fearr comhlacht atá ceangailte le Parlaimint na hEorpa, mar chineál d’ionadaíocht dhíreach.

Conas

Is gá a mhíniú cé na sonraí atá á mbailiú ó úsáideoirí ar ardáin fhíorúla, agus conas a roinnfear agus a úsáidfear na sonraí. Mar shampla, léireodh ‘doras’ dathchódaithe sa domhan fíorúil 3T úsáid sonraí i dtéarmaí soiléire, sula rachadh duine isteach ar ardán (léireodh doras dearg go bhféadfaí go roinnfí ardleibhéal sonraí íogaire ann). Ba cheart an rogha a bheith ag daoine rogha a dhéanamh maidir le conas a úsáidfear a gcuid sonraí, nuair is féidir. Ba cheart meicníocht den sórt sin a bheith éigeantach agus caighdeánaithe do chuideachtaí: chun é sin a bhaint amach, teastaíonn rialacháin nua uainn, agus meicníocht chaighdeánach a chruthóidh an tAontas nach mór do chuideachtaí a úsáid.

Réasúnú

Ní féidir linn cosc a chur ar shonraí a úsáid go hiomlán: chuirfeadh sé isteach go mór ar iomaíochas gnólachtaí. Ag an am céanna, ní féidir linn diúltú go fírinneach aon fhaisnéis a thabhairt, mar is féidir gach gníomhaíocht sa mheiteachruinne a phróiseáil ar bhealach éigin. Mar sin féin, is ceart toiliú a bheith i gceist. Ní mór dúinn soiléireacht a fháil ar an méid a úsáidtear agus ar an gcaoi a n-úsáidtear é, ionas gur féidir linn úsáid den sórt sin a roghnú go gníomhach.

Dúshlán: cad atá le déanamh le sonraí stairiúla, a tugadh do chuideachtaí go toilteanach, agus atá ag teastáil le haghaidh nuálaíochta agus margaíochta?



Topaic: Lár-ghníomhaireacht & póilíní do na domhain fhíorúla

Moladh 8

Lucht póilíneachta le gníomhú agus le cosaint a thabhairt sna domhain fhíorúla

Céard é

Molaimid institiúid idirnáisiúnta póilíneachta a bheith ann, ina bhfuil gníomhairí speisialaithe agus oilte: ní mór di a bheith ina comhlacht atá ag comhoibriú le comhlachtaí eile, amhail Europol agus comhlachtaí náisiúnta.

Conas

Tá trí réimse gníomhaíochta ann chun idirdhealú a dhéanamh eatarthu: coireanna ‘coitianta’ cosúil leis na cinn sa saol mór, iompraíochtaí neamh-inmhianaithe atá tar éis méadú sna domhain fhíorúla (fuath, bulaíocht...) agus cosaint i gcoinne an duine féin. Maidir leis an dara catagóir, ba cheart dúinn tacú ar dtús leis an duine atá ag gníomhú go mícheart chun go bhfoghlaimeofar ó na botúin. Nuair a leanann iompraíocht ar aghaidh, ní mór dúinn gníomhú go tapa agus de réir a chéile. Ag pointe éigin, ba cheart é a bheith incháinte (idir fionraí agus díbirt chinntitheach). Mar chosaint, aon uair a bhreathnaíonn póilíní ar dhuine a bhfuil iompar contúirteach ar siúl acu ina gcoinne féin (cosúil le handúil), ba cheart do na póilíní comhairle a chur ar an duine. Beidh na póilíní, tríd an rialú sin, ag tabhairt aire agus ag cur cosc ar fhadhbanna. Chomh maith leis sin, ba mhaith linn ár gcéad chuspóir a thabhairt chun cuimhne, is é sin cosc trí oideachas (mar shampla úsáid shábháilte na n-uirlisí sin a fhoghlaim).

Réasúnú

Níor cheart na cumhachtaí go léir a bheith i lámha aon eagraíocht amháin. Ní féidir le heagraíocht phríobháideach é a dhéanamh — teastaíonn comhlachtaí poiblí uainn chun gníomhú mar phóilíní. Tá gné an chomhair ríthábhachtach maidir le saincheisteanna trédhearcachta, trasrialú agus meas ar eagraíochtaí náisiúnta (tá a phóilíní féin ag gach tír). Tá an ghné idirnáisiúnta riachtanach freisin toisc nach ann do theorainneacha ag uirlisí ar líne amhail domhain fhíorúla, mar sin ní mór dúinn comhoibriú.



Moladh 9

An intleacht shaorga mar thaca do na póilíní i ndomhain fhíorúla

Céard é

Molaimid úsáid a bhaint as Intleacht Shaorga (IS) sa mheiteachruinne chun tacú leis na póilíní an méid atá ag tarlú i ndomhain fhíorúla a chosc, a chomhrac agus a rialú.

Na rannpháirtithe

Ba cheart do chomhlacht poiblí Eorpach, amhail Cúirt Bhunreachtúil, na prionsabail eiticiúla lena sainmhínítear an intleacht shaorga agus á forfheidhmiú a chur ar bun.

Conas

Ba cheart na prionsabail eiticiúla lena sainmhínítear an Intleacht Shaorga sin a bheith cosúil le bunreacht i ndaonlathas. Leanfaidh an bunreacht sin na prionsabail eiticiúla a shainmhínítear go daonlathach (chun aon riosca go gcruthófaí fear faire amhail 'deartháir mór' a chosc — ní mór dúinn an Intleacht Shaorga a chosc ó thionchar a imirt ar iompraíochtaí). Ní mór na prionsabail sin a bheith fadtréimhseach agus ní mór dóibh gan a bheith faoi thionchar díreach ag páirtí nó duine atá i gcumhacht.

Réasúnú

Tá sé ríthábhachtach go gcabhraíonn an intleacht shaorga leis na póilíní agus nach gcuirtear an intleacht shaorga in ionad na bpóilíní. Maidir leis an moladh eile uainn, tá sé tábhachtach freisin go ndéanfar an intleacht shaorga sin a mhaoiniú agus a bhainistiú go poiblí, agus go mbeidh sí faoi úinéireacht phoiblí. Ní féidir aon chuideachta phríobháideach a bheith i gceannas. Más mian linn é a tháirgeadh agus má theastaíonn eolas uainn ó chuideachtaí príobháideacha, is féidir linn conradh a dhéanamh leo. Oibreoidh siad bunaithe ar phrionsabail eiticiúla a sainíodh roimhe seo agus orthu sin amháin. Tá an intleacht shaorga úsáideach chun cabhrú leis na póilíní gníomhú go tapa agus níl inti ach uirlis amháin i measc uirlisí eile.



Topaic: Foghlaim agus oideachas i dtaca le domhain fhíorúla

Moladh 10

Oiliúint do mhúinteoirí i dtaca le domhain fhíorúla agus uirlisí digiteacha

Céard é

Molaimid do mhúinteoirí laistigh den Aontas oiliúint a fháil ar (1) úsáid phraiticiúil uirlisí digiteacha, (2) rioscaí, sábháilteacht agus eitic laistigh de na domhain fhíorúla, agus (3) ar dheiseanna teagaisc nua trí dhomhain fhíorúla.

Na rannpháirtithe

Díríonn an tAontas ar na Ballstáit agus ar scoileanna d'fhonn oideachas na scoláirí a fheabhsú.

Conas

Ba cheart don Aontas treoirlínte láidre a eisiúint lena n-éilítear ar na Ballstáit 'Cúrsaí i dtaca le domhain fhíorúla agus uirlisí digiteacha' a chur san áireamh ina n-oiliúint náisiúnta do mhúinteoirí. Ba chóir do mhúinteoirí cúrsaí 'athnuachana' éigeantacha a dhéanamh a mbeadh deimhniú AE mar thoradh orthu (de chineál an deimhnithe teanga chaighdeánaigh). Ba cheart na seisiúin oiliúna éigeantacha sin a oiriúnú do gach aois agus ba cheart na hábhair seo a leanas a bheith san áireamh iontu: eitic, sábháilteacht ar líne, máistreacht ar uirlisí digiteacha agus deiseanna teagaisc na ndomhan fíorúil. Ba cheart don Aontas na cláir oiliúna sin a chur ar fáil do na Ballstáit. Cuireann na huirlisí agus na deiseanna teagaisc sin le curaclaim na scoile, ní thagann siad in ionad ábhair eile.

Réasúnú

Ciallaíonn oiliúint múinteoirí go bhfuil siad in ann a gcuid scoláirí a oiliúint agus feasacht a mhúscailt i measc na n-óg ón tús. Cuidíonn sé freisin leis an mbearna dhigiteach atá ann idir múinteoirí agus scoláirí a dhúnadh. Creidimid gur gá oiliúint a sholáthar maidir le hiompraíochtaí sábháilte ar líne agus maidir le húsáid shábháilte na ndomhan fíorúil a mhúineadh fiú ag aois na bunscoile. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas na Ballstáit a spreagadh chun an oiliúint sin do mhúinteoirí a chur san áireamh agus dreasachtaí a thairiscint trí bhíthin deimhniú AE. Ba cheart don Aontas an clár oiliúna a chur ar fáil chun go mbeidh córas caighdeánaithe aige.

Moladh 11

Saor-rochtain ar fhaisnéis faoi uirlisí digiteacha agus ar dhomhain fhíorúla do shaoránaigh uile an Aontais

Céard é

Molaimid go ráthóidh an tAontas saor-rochtain éasca ar fhaisnéis ábhartha faoi uirlisí digiteacha agus ar dhomhain fhíorúla do gach saoránach.

Na rannpháirtithe

An tAontas Eorpach do gach saoránach.

Conas

Molaimid córas cumarsáide a sheoladh trí na meáin thraidisiúnta (fógraí teilifíse, cláir fógraí) agus ardán tiomnaithe a chruthú. Ba cheart don 'Ardán um Dhomhain Fhíorúla Eorpacha' seo faisnéis ábhartha maidir le huirlisí digiteacha agus domhain fhíorúla a lárú agus a chaighdeánú. Ní mór do na foinsí faisnéise sin feasacht a mhúscailt faoi na rioscaí a bhaineann le domhain fhíorúla agus béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann leis na teicneolaíochtaí nua seo.

Réasúnú

Tá sé tábhachtach go n-oibreoidh an tAontas i dtreo caighdeánú eolais agus rochtain ar dhomhain fhíorúla agus ar uirlisí digiteacha ar fud an Aontais. Tá a lán saoránach fós ann atá leochaileach agus iad ag úsáid na n-ardán sin agus iad faoi réir daoine mailíseacha.



Topaic: Inbhuaine comhshaoil agus aeráide

Moladh 12

Ag dul i dtreo domhain fhíorúla chiorclacha: cearta agus freagracht na saoránach agus na dtionscal

Céard é

Molaimid gníomhaíochtaí múscailte feasachta a fhorbairt maidir leis an lorg comhshaoil agus a áirithiú go mbíonn trealamh na ndomhan fíorúil mar chuid den gheilleagar ciorclach. Ní mór do reachtaíocht na ndomhan fíorúil iallach a chur ar ghníomhaithe tionsclaíocha trealamh in-athchúrsáilte/indeisithe a tháirgeadh agus saincheisteanna maidir le dífheidhmeacht a theorannú.

Na rannpháirtithe

- An Coimisiún Eorpach (chun an creat a shainiú),
- Na Ballstáit/réigiúin (chun na gníomhaíochtaí múscailte feasachta a chur chun feidhme),
- Saoránaigh Eorpacha (de gach aois ós rud é gurb iad sin is spriocghrúpa do na bearta sin),
- Cuideachtaí a tháirgeann trealamh do na domhain fhíorúla (chun prionsabail chiorclaíochta a chomhtháthú ina samhail ghnó).

Conas

Ar bhonn níos nithiúla, ní mór tosú ar na gníomhaíochtaí múscailte feasachta ar scoil. Ní mór don Choimisiún Eorpach creat a sholáthar chun rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis sin maidir le domhain fhíorúla agus í a dhéanamh níos inrochtana ionas go mbeadh ar na Ballstáit agus ar na réigiúin na cláir oideachais sin a chur chun feidhme.

Mar shampla de sin d'fhéadfaí ionaid oiliúna a bhunú a chuirfeadh cúrsaí ar fáil agus a d'eiseodh deimhnithe (tar éis 'tástála' cosúil le ceadúnas tiomána) ina mbeadh ar na scoláirí pas a fháil chun a chruthú go bhfuil siad ar an eolas maidir leis an tionchar a bhíonn ag domhain fhíorúla ar an gcomhshaol. Ba cheart oiliúint a chur ar dhaoine agus ba cheart an deis a thabhairt dóibh siúd ar mian leo tuilleadh faisnéise a fháil níos mó a fhoghlaim. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go mbíonn an fhaisnéis inrochtana go héasca.

Beidh feachtais feasachta úsáideach i gcónaí, ach ní mór ionstraimí ceangailteacha amhail rialacháin teacht ina ndiaidh. Is gá an t-am a thabhairt do pháirtithe leasmhara an tionscail chun ullmhú lena aghaidh agus idirthréimhse nithiúil a bheith acu chuige sin. Ba cheart an fheasacht a bheith dírithe ar thomhaltóirí, agus ba cheart an reachtaíocht cheangailteach a bheith dírithe ar an tionscal.

Réasúnú

Ba cheart don Choimisiún Eorpach gníomhaíochtaí múscailte feasachta a fhorbairt maidir le hathchúrsáil trealaimh mheiteachruinne ach saolré iomlán na meiteachruinne ar fad a chuimsiú ann freisin. Is gá tosú an-luath; ón aois is óige (ar scoil go háirithe), ach freisin do dhaoine scothaosta. Ní mór an t-eolas sin a phearsanú agus a oiriúnú don spriocghrúpa.

Ba cheart reachtaíocht chomhleanúnach a bheith ag teacht i ndiaidh na ngníomhaíochtaí sin chun iallach a chur ar pháirtithe leasmhara tionscail táirgí in-athchúrsáilte/indeisithe a tháirgeadh agus chun dífheidhmeacht a dtáirgí a theorannú.



Moladh 13

Domhain fhíorúla ghlasa lena mbaineann fuinneamh in-athnuaite agus trédhearcach

Céard é

Molaimid córas pionós agus luachanna saothair a bhunú a bheidh le forchur ar chuideachtaí atá ag obair i ndomhain fhíorúla, d’fhonn costas a dtrealaimh ar an gcomhshaol a inmheánú.

Na rannpháirtithe

- → An Coimisiún Eorpach chun an creat rialála iomchuí a fhorbairt.
- → Na Ballstáit a sholáthraíonn dreasachtaí airgeadais chun cuideachtaí a spreagadh réitigh níos inbhuanaithe a ghlacadh ina samhlacha gnó.
- → Ba cheart do chuideachtaí a oibríonn lárionaid sonraí agus a stórálann sonraí a bhaineann le domhain fhíorúla i margadh aonair an Aontais an reachtaíocht a chomhlíonadh. Is iad sin an chéad spriocghrúpa i dtaca leis an moladh.

Conas

Ba cheart don Choimisiún Eorpach a cheangal ar chuideachtaí a reáchtálann ionaid sonraí agus trealamh a bhaineann le domhain fhíorúla an fuinneamh a úsáideann siad a fhritháireamh. D’fhéadfadh sé a bheith ina chóras cosúil leis an margadh carbóin chun iallach a chur ar na cuideachtaí sin íoc as an truailliú a astaíonn siad. Tar éis an réitigh sin d’fhéadfaí dreasachtaí airgeadais a chur ar fáil chun cuideachtaí a spreagadh le bheith níos inbhuanaithe agus níos tíosaí ar fhuinneamh. Ba cheart córas faireacháin a fhorbairt chun cur chun feidhme éifeachtúil a áirithiú.

Ba cheart níos mó trédhearcachta a chur chun cinn freisin: ní mór do thomhaltóirí a bheith in ann eolas a fháil ar an lorg comhshaoil a fhágann a n-úsáid as a ndomhain fhíorúla agus roghanna eolasacha a dhéanamh. Is féidir é sin a dhéanamh trí chóras rátála ar cheart do chuideachtaí a chur ar na táirgí a dhíolann siad chun a leibhéal inbhuanaitheachta a thomhas, chomh maith le córas inrianaitheachta.

Réasúnú

Níor thug na saoránaigh údar maith leis.



Topaic: Tionchar ar an tsláinte agus clár oibre taighde do na domhain fhíorúla

Moladh 14

Domhain fhíorúla — tógaimis todhchaí shláintiúil le chéile go freagrach!

Céard é

Molaimid go mbunóidh an tAontas Eorpach dianchlár taighde ar thionchar na ndomhan fíorúil ar ár sláinte.

Na rannpháirtithe

Ní mór do gach Ballstát coiste saineolaithe a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhar le comhlacht Eorpach. Ba cheart d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit a bheith rannpháirteach i maoiniú na gclár taighde sin.

D'fhéadfadh saineolaithe neamhspleácha a thagann ó réimsí éagsúla eolais (síceolaíocht, néareolaíocht, eolaíocht chognaíoch, socheolaíocht, etc.) oibriú i ndlúthchomhar le saineolaithe atá ag obair cheana féin ar an ábhar laistigh d'institiúidí na hEorpa chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara na hearnála príobháidí. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí chomhlachas speisialaithe Eorpach a thagann le chéile ar bhonn rialta.

Conas

Beidh ar an gclár taighde sin fás le forbairt na ndomhan fíorúil. Beidh sé éigeantach do ghníomhaithe tionsclaíocha, a thugann na teicneolaíochtaí sin chun aibíochta sa mhargadh, oibriú i gcomhpháirtíocht leis. D'fhéadfadh a gcláir thaighde féin a bheith ag gníomhaithe tionsclaíocha a ndéanann an tAontas Eorpach faireachán agus meastóireacht orthu. Ní mór rochtain ar na torthaí a bheith ar fáil don phobal agus ní mór iad a bheith trédhearcach.

Réasúnú

Tacú leis an moladh seo. Ní gá dúinn botúin an ama a chuaigh thart a atáirgeadh, teastaíonn taighde uainn chun tionchar na ndomhan fíorúil ar ár sláinte a thuiscint.



Moladh 15

Táscairí maidir le domhain fhíorúla atá sláintiúil, cuimsitheach, trédhearcach agus inbhuanaithe

Céard é

Molaimid táscairí a chur i bhfeidhm ar féidir leo na tionchair shóisialta, chomhshaoil, mheabhrach agus fhisiceacha a bhaineann le húsáid na ndomhan fíorúil a mheas.

Na rannpháirtithe

Bhainfeadh saineolaithe ó réimsí éagsúla úsáid as torthaí na gclár taighde chun táscairí a fhorbairt. Chuirfeadh bord saineolaithe moltaí le chéile bunaithe ar na táscairí sin, ag freagairt do chaighdeáin Eorpacha maidir le húsáid ghairmiúil agus aonair, chun cabhrú leis na hInstitiúidí Eorpacha é a aistriú go beartas.

D’fhéadfadh institiúidí an Aontais Eorpaigh na táscairí sin a úsáid chun treoracha beartais a fhorbairt do na Ballstáit chun rialacháin a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta maidir le húsáid ghairmiúil agus aonair. D’fhéadfadh na beartais sin a bheith arna spreagadh ag an méid atá déanta i réimsí beartais eile (e.g, rabhaidh faoi thobac, alcól agus drugaí).

Ní mór do phríomhpháirtithe leasmhara sa tionscal (e.g. cuideachtaí) na caighdeáin Eorpacha sin a urramú.

Conas

Beidh ar na táscairí sin éabhlóidiú le himeacht ama le taighde agus trí scaipeadh trédhearcach agus rochtain oscailte ar fhaisnéis a áirithiú. D'fhéadfadh na táscairí sin a bheith ina gcuidiú le caighdeáin deimhniúcháin a thabhairt isteach do chuideachtaí lena gcomhlíonadh, agus na seirbhísí á soláthar acu (ag tabhairt aird ar leith ar an tsláinte). Tá sé sin ábhartha do chuideachtaí a sholáthraíonn uirlisí don mheiteachruinne agus do gach cuideachta eile chun a áirithiú go mbaineann a gcuid oibrithe leas as úsáid shábháilte agus ghairmiúil as domhain fhíorúla.

Réasúnú

Tacú leis an moladh seo toisc go bhféadfadh litearthacht agus feasacht muid a shábháil ó na bagairtí féideartha de bharr leathnú na ndomhan fíorúil.



Topaic: Comhroinnt faisnéise agus feasachta

Moladh 16

Gníomhaíonn domhain fhíorúla ar chúrsaí oideachais agus ar mhúscailt feasachta – 'Tusa, mise agus an mheiteachruinne'

Céard é

Molaimid treoirlíne maidir le conas a bheith i do shaoránach digiteach — rialacha maithe maidir le conas muid féin a iompar sna domhain fhíorúla.

Na rannpháirtithe

Ba cheart don Aontas treoirlínte a dhéanamh trí phainéal saineolaithe a cheapadh, lena n-áirítear saineolaithe ó réimsí éagsúla, taighdeoirí/ollscoileanna, cuideachtaí, rialtais náisiúnta, agus úsáideoirí na meiteachruinne. Seo a leanas ról gach gníomhaí:

- An tAontas: painéal saineolaithe a chruthú chun treoirlínte a fhorbairt agus díospóireacht phoiblí a dhéanamh faoi sin, saoránaigh a chur san áireamh sa díospóireacht,
- Rialtais náisiúnta: ní mór dóibh a áirithiú go n-úsáidtear na treoirlínte san oideachas agus go ndéantar cumarsáid fúthu i gcoitinne,
- Taighdeoirí/ollscoileanna: an fhorbairt a leanúint agus moltaí a dhéanamh,
- Cuideachtaí: na treoracha a leanúint chun sábháilteacht úsáideoirí a áirithiú,
- Úsáideoirí na meiteachruinne: tá saoránaigh freagrach as a bheith gníomhach sa díospóireacht faoi na treoirlínte agus faoi na beartais agus ina bhforbairt.

Conas

Ar na treoirlínte ba cheart an méid a leanas a bheith san áireamh, i measc na dtreoirlínte eile (atá le forbairt):

- Cén rud é an mheiteachruinne, agus conas is féidir í a úsáid,
- Conas gan sonraí a roinnt nach dteastaíonn uait iad a roinnt (fianáin, etc.),
- Mífhaisnéis a sheachaint,
- Na dualgais atá ort faisnéis cheart a thabhairt,
- Conas gan dochar a dhéanamh don chomhshaol,
- Na cearta atá agat agus conas is féidir leat iad a chosaint (cad iad na féidearthachtaí),
- Na rioscaí sláinte féideartha,

Ba cheart na treoirlínte a scaipeadh ar bhealaí éagsúla: trí fheachtais fhoirmiúla oideachais agus múscailte feasachta.

Réasúnú

Níor thug na saoránaigh údar maith leis.



Moladh 17

An gníomh Ní leatsa mo chuid sonraí — ‘Na sonraí cuí faoin gcúram cuí’

Céard é

Molaimid ‘téarmaí agus coinníollacha’ do chuideachtaí maidir leis an gcaoi a ráthaíonn siad slándáil sonraí pearsanta agus trédhearcacht do shaoránaigh.

Na rannpháirtithe

Ba cheart don Aontas creat a dhéanamh maidir le domhain fhíorúla agus cosaint sonraí agus trédhearcacht.

- → An tAontas: ba cheart don Aontas gníomh dlíthiúil a dhéanamh go sonrach maidir le domhain fhíorúla (i gcás nach bhfuil sé cumhdaithe cheana féin),
- → Rialtais náisiúnta: ba cheart do rialtais náisiúnta an treoir a chur chun feidhme agus comhlíonadh cuideachtaí ina leith a fheabhsú.
- → Taighdeoirí/ollscoileanna: ba cheart saineolaithe dlí, eacnamaíocha, eitice agus saineolaithe ar chearta an duine a chur san áireamh chun léargas agus ionchur a thabhairt.
- → Cuideachtaí: ba cheart do chuideachtaí na creataí reatha agus na creataí nua a leanúint agus a chomhlíonadh.
- → Úsáideoirí na meiteachruinne: ba cheart saoránaigh a bheith gníomhach sa díospóireacht agus i bhforbairt na mbeartas.

Conas

Teastaíonn gníomh dlíthiúil AE uainn maidir leis an gcineál sonraí pearsanta is féidir leis na cuideachtaí a bhailiú agus a úsáid, agus conas ba cheart dóibh daoine a chur ar an eolas faoi na rudaí a dhéanann siad leis na sonraí pearsanta sin.

Ba cheart do na cuideachtaí daoine a chur ar an eolas faoi sin ar bhealach gearr, soiléir agus sothuigthe (atá inrochtana do gach duine). Ba cheart dóibh faisnéis a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- → Cad iad na sonraí atá á mbailiú,
- → Conas atáthar á mbailiú agus an scriosfar iad,
- → Cá fhad a choinneoidh siad iad,
- → Conas agus cá háit a stóráiltear na sonraí,
- → Solúbthacht maidir leis na sonraí is mian leat a roinnt chun na hardáin ar líne a úsáid.

Réasúnú

Níor thug na saoránaigh údar maith leis.



Topaic: Céannacht dhigiteach sna domhain fhíorúla

Moladh 18

Digital infrastructure development

Céard é

Molaimid rochtain chomhionann ar theicneolaíochtaí digiteacha a áirithiú, trí phlean forbartha bonneagair forleathan a chur chun feidhme. Ba cheart an plean sin a dhíriú ar fhorbairt inrochtana inacmhainne, inmhaoinithe do gach duine.

Na rannpháirtithe

Tá súil againn go mbeidh rochtain ag gach saoránach den Aontas ar shaor-rochtain mhaith idirlín a sholáthróidh cuideachtaí príobháideacha sa todhchaí. Murab amhlaidh an cás, mar shampla i gceantair thuaithe nach bhfuil brabús ann do chuideachtaí príobháideacha, sa chás sin ba cheart don Aontas gníomh tionscanta a dhéanamh agus nasc idirlín a sholáthar.

Conas

Ní mór don Aontas infheistíocht a dhéanamh in oideachas innealtóirí, ionas go mbeidh an lucht saothair ceart agus riachtanach againn chun rochtain ar an idirlíon a chur i bhfeidhm agus a chur ar bun do chách. Ní mór an moladh a chur chun feidhme ina iomláine faoin mbliain 2031, ach ní mór dúinn fospriocanna áirithe a bheith againn feadh an ama sin. Mar shampla, sprioc maidir le cathain a bheidh an t-idirlíon le fáil sna cathracha móra ar fad, sna hinstitiúidí oideachais ar fad etc.

Réasúnú

Chun domhan fíorúil Eorpach a chruthú, is é an túsphointe nasc comhionann a áirithiú do gach saoránach Eorpach. Dá bhrí sin, tá gá le plean forbartha bonneagair dhigitigh ar leibhéal an Aontais.

Is é an príomhdhúshlán atá ann freagracht a roinnt idir an tAontas agus na Ballstáit. Ar cheart don Aontas nó do na Ballstáit an plean sin a mhaoiniú agus a chur chun feidhme?

Thairis sin, tá gá le hamlíne dhaingean chun mianta a thabhairt i gcrích, mar sin chinn an grúpa an bhliain 2031 a shocrú mar spriocdháta.

Moladh 19

Ní mór don Aontas rialacháin a fhorbairt maidir le céannacht dhigiteach agus maidir le cén uair ceart saoránach a bheith anaithnid a cheadú agus a chosaint

Céard é

Ba cheart rialachán a bheith ann ar leibhéal an Aontais maidir le cathain is gá duit do chéannacht a thaispeáint agus cathain is féidir leat a bheith anaithnid sa saol digiteach. Nuair a bhímid ag caint faoi chúrsaí siamsaíochta, fóillíochta, nó taighde, ba chóir go mbeadh sé indéanta a bheith anaithnid. Mar sin féin, nuair atá sé ríthábhachtach céannacht duine a bheith ar eolas agat, ba cheart é a bheith éigeantach tú féin a fhíordheimhniú le sainaithint dhigiteach. Mar shampla, nuair a aistrítear airgead, nuair a thagraítear do sheirbhísí rialtais nó nuair a cheannaítear earraí ar leith i gcás ina n-iarrtar ceadúnas nó teorainn aoise.

Na rannpháirtithe

Ní mór don Aontas rialachán a chur chun feidhme a chomhlíonann treochtaí domhanda, agus ní mór do sholáthraithe seirbhíse é a urramú.

Ba cheart don Aontas oibriú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus taidhleoireachta, chun feasacht a roinnt le heagraíochtaí réigiúnacha eile. Beidh ar na Ballstáit maoirseacht a dhéanamh ar an éabhlóid sin agus tuairisc a thabhairt ar sháruithe féideartha.

Conas

Tá sé deacair a shamhlú conas is féidir an moladh tábhachtach seo a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas tosú trí thacú le taighde ar an ábhar seo. Ina theannta sin, teastaíonn oideachas ó na saoránaigh maidir le cad is brí le anaithnideacht, agus conas a úsáidtear ár gcuid sonraí. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go mbeadh roinnt iarmhairtí/smachtbhannaí ann má sháraíonn soláthraithe seirbhíse na rialacháin.

Réasúnú

Tá ceist na hanaithnideachta ríthábhachtach don ghrúpa. Mar sin féin, is saincheist an-ilghnéitheach í an anaithnideacht, agus ní mór í a chur i gcomhthéacsanna éagsúla. Dá bhrí sin, tá gá le méid áirithe solúbthachta agus inoiriúnaitheachta, chun an tsaoirse, an chairdiúlacht agus an trédhearcacht a chaomhnú.



Topaic: Nascacht agus rochtain do na domhain fhíorúla

Moladh 20

Inrochtaineacht do chách — ná fágaimis aon duine ar gcúl

Céard é

Molaimid gur cheart go mbeadh saoránaigh uile an Aontais in ann, go teicniúil agus de réir nós imeachta, rochtain a fháil ar fhéidearthachtaí na meiteachruinne, agus úsáid a bhaint astu, de réir a gcuid riachtanas, mianta agus leasanna.

Na rannpháirtithe

Ba mhaith linn go múnlófaí an mheiteachruinne trí chomhoibriú eolasach idir údaráis phoiblí, eintitis phríobháideacha agus an tsochaí shibhialta. Ba cheart don Aontas freagracht a ghlacadh as comhdheiseanna a ráthú do shaoránaigh uile an Aontais sa mheiteachruinne.

Conas

Teastaíonn creataí institiúideacha agus dlíthiúla uainn a áirithíonn úsáid agus cosaint shábháilte na gceart sibhialta.

Is freagracht chomhroinnte í an inrochtaineacht idir údaráis phoiblí, eintitis phríobháideacha agus an tsochaí i gcoitinne. Ba cheart don triúr gníomhaithe iniúchadh leanúnach a dhéanamh le chéile ar impleachtaí na meiteachruinne chun creataí iomchuí a choinneáil.

Ba cheart don Aontas oibriú i dtreo a áirithiú go bhforbróidh an mheiteachruinne i gcomhréir le riachtanais na saoránach uile (lena n-áirítear grúpaí imeallaithe, mionlaigh, etc.).

Molaimid go dtabharfaí rochtain do gach saoránach AE ar na scileanna agus ar an trealamh cuí chun an mheiteachruinne a úsáid go héasca.

Ba cheart an tsaoirse a bheith ag gach duine cinneadh a dhéanamh cé acu an nglacfaidh siad páirt (nó nach nglacfaidh) in ardáin do shaoránaigh sa mheiteachruinne, gan an riosca maidir le eisiamh a bheith ann.

Réasúnú

Ag croílár an mholta seo tá cothromas agus comhionannas, luachanna bunúsacha na sochaithe daonlathacha.

Cuireann an moladh seo roinnt gnéithe a bhaineann le hinrochtaineacht san áireamh.



Moladh 21

Creataí dlíthiúla maidir le trédhearcacht agus cosaint gach duine sa mheiteachruinne – tús áite a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha

Céard é

Molaimid creataí dlíthiúla soiléire atá bunaithe ar thaighde leanúnach ar úsáid shábháilte agus dhearfach na meiteachruinne.

Na rannpháirtithe

Saineolaithe dlí an Aontais agus teicnealathaithe an Aontais**.**

Conas

Ba cheart do na creataí grúpaí leochaileacha (leanaí, daoine scothaosta, daoine a bhfuil cearta vótála acu) a chosaint i gcoinne cúblála agus bagairtí. Ba cheart na creataí sin a bheith bunaithe ar an ngá atá le forálacha dlíthiúla, arna sainaithint ag na grúpaí oibre.

Ba cheart forálacha a áireamh sna creataí maidir le taighde leanúnach faoi éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na meiteachruinne, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

- → Eagla roimh andúil,
- → Tionchar ar an tsláinte,
- → Eagla go bhfágfaí roinnt grúpaí/réigiún amach nó go bhfágfaí ar gcúl iad,
- → Tionchar ar mhargaí saothair,

Ba cheart trédhearcacht agus cosaint a léiriú sna hinfheistíochtaí a dtacaíonn an tAontas leo.

Réasúnú

Tá cosaint na saoránach thar a bheith tábhachtach — lena gcoinnítear slán:

- → muid féin,
- → ár gcéannachtaí,
- → iad siúd atá leochaileach,

Ní mór an tsábháilteacht a bheith mar thosaíocht againn**.**

Tá sé ríthábhachtach cearta gach duine a chosaint. Go háirithe nuair a bhaineann sé le daoine leochaileacha.

Laghdaíonn rialacha maithe an riosca go mbeidh gníomhaíocht choiriúil agus dhíobhálach sa mheiteachruinne.

Tá sé de chumas ag rialachán an Aontais Eorpaigh sampla/caighdeán domhanda a leagan síos.



Topaic: Comhar agus caighdeáin idirnáisiúnta

Moladh 22

Lipéid/deimhnithe an Aontais maidir le feidhmchláir na ndomhan fíorúil

Céard é

Molaimid don Aontas lipéid/deimhnithe atá sothuigthe agus inrochtana a thabhairt isteach d'fheidhmchláir sna domhain fhíorúla, lena áirithiú go bhfuil siad slán agus iontaofa.

Na rannpháirtithe

Oibríonn an tAontas Eorpach i gcomhar le páirtithe leasmhara amhail taighdeoirí, saineolaithe, gnólachtaí/cuideachtaí agus rialtais áitiúla.

Conas

Lipéid/deimhnithe caighdeánaithe a thabhairt isteach le haghaidh feidhmchláir na ndomhan fíorúil ar fud an Aontais Eorpaigh chun úsáideoirí a chosaint. Trí na lipéid/deimhnithe, ba cheart daoine a chur ar an eolas faoi shábháilteacht, slándáil agus iontaofacht an fheidhmchláir.

Ba chóir an lipéad/deimhniú a bheith sothuigthe go héasca (e,g., straoiseoga, litreacha: A-B-C-D). Tá sé tábhachtach go gcuirtear gach úsáideoir ar an eolas faoi lipéad/deimhniú feidhmchláir sula n-úsáideann siad é. Ba cheart go bhfeidhmeodh an lipéad/deimhniú mar threoir do dhaoine, agus ba cheart saoirse a bheith ag daoine a roghnú cé acu an gcinneann siad an feidhmchlár a úsáid nó nach gcinneann bunaithe ar an lipéad/deimhniú sin. Ba cheart dúinn earnáil na lipéad/ndeimhnithe a dhéanamh sonrach más gá.

Réasúnú

Níor thug na saoránaigh údar maith leis.



Moladh 23

An tAontas Eorpach mar ghníomhaí/cheannródaí láidir sna domhain fhíorúla

Céard é

Molaimid do Bhallstáit an Aontais a bheith comhaontaithe le bheith ina gcomhghníomhaí/ceannródaí láidir maidir le domhain fhíorúla a rialú, a mhaoirsiú agus a rialáil, d'fhonn ár luachanna daonlathacha a choinneáil agus iad a scaipeadh ar thíortha eile.

Na rannpháirtithe

An Coimisiún Eorpach i gcomhar le páirtithe leasmhara.

Conas

Ba cheart an tAontas a bheith ina cheannródaí trí chreat a leagan síos do na domhain fhíorúla bunaithe ar ár luachanna daonlathacha. Trí chreat a chruthú lena gcruthófar rathúnas san Aontas, beidh sé ina eiseamláir do réigiúin agus do thíortha eile. Ba cheart don Aontas dreasachtaí a chruthú chun tacú le hinbhuanaitheacht agus fás agus iad a spreagadh. Ba cheart don Aontas a bheith ag obair i gcomhar lena chéile in aontacht chun a bheith ina eiseamláir do thíortha agus do réigiúin eile. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht i ndomhain fhíorúla, trí bhonneagar leordhóthanach iontaofa a chruthú.

Réasúnú

Níor thug na saoránaigh údar maith leis.



3. MEASÚNÚ AR NA MOLTAÍ

Rinne saoránaigh measúnú ar na moltaí go léir ar scála 1 – 6. Ciallaíonn luach 1 '*Ní aontaím/Ní thacaím leis*' an moladh agus ciallaíonn luach 6 '*Aontaím go mór/Tacaím go láidir leis*' an moladh.

uimh.	MOLADH	Ar an meán
1	Margaí saothair i ndomhain fhíorúla na hEorpa	5.0
2	Oiliúint chomhchuibhithe a chruthú don obair sna domhain fhíorúla	5.0
3	Athbhreithniú rialta ar threoirlínte ábhartha an Aontais atá ann cheana maidir le domhain fhíorúla	4.8
4	Tacaíocht airgeadais leis na domhain fhíorúla a fhorbairt	4.8
5	Fóraim rannpháirtíochta le haghaidh forbairtí, rialacháin agus caighdeáin chomhpháirteacha	4.8
6	Deimhniú cuideachta agus úsáideora do na domhain fhíorúla	4.8
7	'Halla' nó 'tairseach' soláimhsithe sa mheiteachruinne chun glacadh le húsáid sonraí roghnaithe	5.0
8	Lucht póilíneachta le gníomhú agus le cosaint a thabhairt sna domhain fhíorúla	4.8
9	An intleacht shaorga mar thaca do na póilíní sna domhain fhíorúla	4.1
10	Oiliúint do mhúinteoirí i dtaca le domhain fhíorúla agus uirlisí digiteacha	5.5
11	Saor-rochtain ar fhaisnéis faoi uirlisí digiteacha agus faoi dhomhain fhíorúla do shaoránaigh uile an Aontais	5.3
12	Ag dul i dtreo domhain fhíorúla chiorclacha: cearta agus freagracht na saoránach agus na dtionscal	4.8
13	Domhain fhíorúla ghlasa lena mbaineann fuinneamh in-athnuaite agus trédhearcach	4.8
14	Domhain fhíorúla, tógaimis todhchaí shláintiúil le chéile go freagrach!	5.3
15	Táscairí maidir le domhain fhíorúla atá sláintiúil, cuimsitheach, trédhearcach agus inbhuanaithe	5.0
16	Gníomhaíonn domhain fhíorúla ar chúrsaí oideachais agus ar mhúscailt feasachta — 'Tusa, mise agus an mheiteachruinne'	5.1
17	An gníomh Ní leatsa mo chuid sonraí — 'Na sonraí cuí faoin gcúram cuí'	5.3
18	Forbairt an bhonneagair dhigitigh	5.3
19	Ní mór don Aontas rialacháin a fhorbairt maidir le céannacht dhigiteach agus maidir le cén uair ceart saoránach a bheith anaithnid a cheadú agus a chosaint	5.4
20	Inrochtaineacht do chách - ná fágaimis aon duine ar gcúl	4.9
21	Creataí dlíthiúla maidir le trédhearcacht agus cosaint gach duine sa mheiteachruinne — tús áite a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha	4.9
22	Lipéid/deimhnithe an Aontais maidir le feidhmchláir na ndomhan fíorúil	5.2
23	An tAontas Eorpach mar ghníomhaí/cheannródaí láidir sna domhain fhíorúla	5.0

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE hINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad 'Europe Direct' ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,

— tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

Print	ISBN 978-92-68-06603-4	doi:10.2775/970000	NA-09-23-365-GA-C
PDF	ISBN 978-92-68-06595-2	doi:10.2775/23519	NA-09-23-365-GA-N